FAISNÉISE COMHSHAOIL

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2011

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

2012 © Rialtas na hÉireann

Oifig an Choimisinéara Fáisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 639 5689
Facs: (01) 639 5674
Riomhphost: info@oic.gov.ie
Suíomh Gréasáin: www.oic.gov.ie

Sraithuimhir Caighdeánach Idirnáisiúnta: 1649-0479
PRN: A12/0101

dearthа ag catalysto

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

Tuarascáil Bhliantúil 2011

Clár Ábhar

Réamhfhocal 6

Cuid 1 – An Coimisinéir Faisnéise

Caibidil 1: An bhliain faoi athbhreithniú 9

Do cheart chun faisnéise 9
Réamhrá 10
Príomhstaitisticí saoráil faisnéise don bhliain 15
Líon cás d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF) 20
Réitigh agus cásanna a aistarraingíodh 25
Diúltuithe measta 26
Fiosruithe ginearálta chuig OCF 27
Táillí a fuair OCF 28
Fógraí reachtúla 29
Deimhnithe reachtúla arna n-eisiúint ag Airí/Ard-Rúnaithe 30
Achomhairc chuig na Cúirteanna 32
Cúrsaí foirne 33

Caibidil 2: Saincheisteanna a tháinig chun cinn 37

Pleananna an Rialtais maidir le saoráil faisnéise 37
Rialacháin faoi alt 28(6) den Acht um Shaoráil Faisnéise 38
Droch-láimhseáil cásanna ag comhlachtaí poiblí 38
Alt 29 39
Iarratais ar Shaoráil Faisnéise a Scoilteadh 40
Cásanna réitithe 41
Breithiúnais chúirte 43

Caibidil 3: Cinntí 49

Cinntí foirmiúla 49
Cinntí suntasacha 50
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha 50
An Roinn Sláinte agus Leanaí 51
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 53
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais 54

Caibidil 4: Staitisticí 59

Cuid II – An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Caibidil 1: Réamhrá 75

Céard is faisnéis comhshaoil ann? 75
Céard is údarás poiblí ann? 76
Rochtain ar fhaisnéis comhshaoil a éascú 77
Táillí 77
Bonn an diúltaithe 78
Treoirlínte 78
Achomhairc a fuarthas in 2011 79
Saincheisteanna a tháinig chun cinn in 2011 79
Breithiúnais na Ard-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí 81
Staitisticí 82

Caibidil 2: Cinntí 85

Aguisín I

Deimhnithe eisithe faoi alt 20 agus alt 25 den Acht um Shaoráil Faisnéise 91

Aguisín II

Athbhreithniú faoi alt 25(7) ar Dheimnithe Aireachta arna n-eisiúint 94

Aguisín III

Tuarascáil Bhliantúil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 95

Cairt Eagraíochta 97

Réamhfhocal

Leis seo, cuirim mo naoú Tuarascáil Bhliantúil i mo cháil mar Choimisinéir Faisnéise (an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil déag ón gCoimisinéir Faisnéise ó bunaíodh an Oifig in 1998) faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun fhorálacha Alt 40(1)(c) de na Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Emily O'Reilly
Coimisinéir Faisnéise
Bealtaine 2012

Pat Whelan
Ard Stiúrthóir

ELDER ABUSE

124 CLAIMS OF ELDER ABUSE AGAINST HOME HELPERS

HSE SPENT €1.43M TO HOLD TB MAN

CONCERN OVER SLOW PROGRESS IN REGULATING HOME HELPS

REGULATING

OUTPATIENT

OVER 60,000 ON OUTPATIENT WAITING LISTS AT DUBLIN HOSPITALS

HSE

CHILDREN ADMITTED TO ADULT PSYCHIATRIC UNITS DESPITE BAN

STAFF PAY

OVER 130 UCC STAFF PAID MORE THAN €100,000

CAIBIDIL 1

Caibidil 1: An bhliain faoi athbhreithniú

Do cheart chun faisnéise

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, tugtar rochtain do dhaoine ar thaifid atá i seilbh go leor comhlachtaí poiblí, lena n-airítear Ranna Rialtais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Údaráis Áitiúla. Tugtar an ceart leis freisin do dhaoine chun faisnéis phearsanta fúthu atá i seilbh na gcomhlachtaí sin a cheartú nó a nuashonrú agus tugtar an ceart do dhaoine cúiseanna a fháil maidir le cinntí arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí, i gcás ina bhfuil tionchar sainráite ag na cinntí sin orthu.

Tugtar modh rochtana breise sna **Rialacháin ar Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol 2007 go 2011** do dhaoine a bhfuil faisnéis uathu maidir leis an gcomhshaol. Tá níos mó eagraíochtaí cumhdaithe ag na Rialacháin seo ná mar atá cumhdaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise. D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sraith Treoirlínte atá ar fáil ar láithreán Gréasáin an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil ag www.ocei.gov.ie.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an dá fheidhm sin neamhspleách go dlíthiúil óna chéile mar atá mo róil faoi seach mar Choimisinéir Faisnéise agus mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil.

Réamhrá

Tá áthas orm an naoú Tuarascáil Bhliantúil i mo cháil mar Choimisinéir Faisnéise a chur i láthair. Clúdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011 i mo Thuarascáil.

Luaigh mé an imní a bhí orm anuraidh, i mo Thuarascáil do 2010, faoi líon na gcomhlachtaí poiblí tábhachtacha, amhail Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), nach bhfuil faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise. Thug mé le fios sa Tuarascáil sin go bhfáiltím roimh an tiomantas maidir le saoráil faisnéise sa Chlár don Rialtas, *Rialtas Téarnaimh Náisiúnta 2011-2016*, chun an tAcht um Shaoráil Faisnéise a chur ar ais mar a bhí sular cuireadh leasuithe 2003 i bhfeidhm air agus a théarmaí tagartha a shíneadh chuig comhlachtaí poiblí eile. Tá áthas orm a rá anois áfach go bhfuil an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag obair faoi láthair ar na socruithe is gá chun éifeacht a thabhairt do na tiomantais a rinneadh sa Chlár don Rialtas maidir le Saoráil Faisnéise. Ba léiriú a bhí sa leasú a rinneadh ar an Acht um Shaoráil Faisnéise in 2003 go rabhthas ag cúlú ar an tiomantas a tugadh maidir le hoscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht, rud a bhí mar ghné lárnach d'achtú Acht 1997. Chuir go leor de na leasuithe a rinneadh teorainn leis an bhféidearthacht a bhí ann rochtain phoiblí a fháil ar thaifid a bhaineann le gníomhartha an Rialtais. Mar shampla, cúlaíodh ar an gceart féideartha rochtain a fháil ar thaifid an Rialtais siar go dtí na taifid sin a cruthaíodh ó thosach feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise, taifid atá deich mbliana d'aois seachas na taifid cúig bliana d'aois a bhí san Acht bunaidh. Sampla eile den chúlú is ea go bhfuil cosaint iomlán anois ag an gcumarsáid a bhíonn ar siúl idir Airí maidir le hábhar atá os comhair an Rialtais, le hais mar a bhí roimhe seo nuair a bhí an deis ann na taifid sin a scaoileadh ar an gcoinníoll nár nochtadh leo ráiteas a rinneadh ag cruinniú Rialtais.

Bhí áthas orm freisin gur tugadh an deis dom moltaí a chur ar fáil maidir le leasuithe sa todhchaí bunaithe ar an taithí atá agam athbhreithnithe a dhéanamh ar iarratais a bhaineann le raon leathan seirbhísí poiblí. Is é an rud is mó a bhí ar intinn agam agus moltaí á ndéanamh agam ná aidhm an Achta mar atá sainráite sa Teideal Fada:

"Acht dá chumasú do dhaoine den phobal rochtain a bheith acu, a mhéid is féidir é...chuig faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí... "

Tá na moltaí a rinne mé leagtha amach chun cur le héifeachtacht an Achta um Shaoráil Faisnéise agus chun buntáiste breise a thabhairt do cheart rochtana an phobail ar fhaisnéis oifigiúil. Táim ag súil go gcuirfear an tAcht ar ais go hiomlán go

dtí an tAcht bunaidh a bhí ann in 1997, acht lena gcuimseofar gach comhlacht poiblí lena n-áirítear na comhlachtaí go léir ar tharraing mé aird orthu le blianta beaga anuas, amhail GBCN, GNBS agus an Garda Síochána srl.

In 2011, tugadh na breithiúnais ar an gcás a dtugtar 'Cás an Rotunda' air, breithiúnas go deimhin a bhfuiltear ag fanacht leis le fada an lá. Bhain an cás le hOspidéal an Rotunda nuair a dhiúltaigh lucht an ospidéil taifead a scaoileadh a thaispeánfadh aois mháthair iarratasóra nuair a thug sí a mac ar an saol in 1922, toisc gur chiallaigh sé go mbeifí ag scaoileadh faisnéis phearsanta maidir léi agus toisc go raibh na sonraí maidir lena haois tugtha faoi rún ag an máthair. Rinne lucht Ospidéal an Rotunda achomharc ar mo chinneadh an taifead a scaoileadh leis an Ard-Chúirt. Rinne an Ard-Chúirt an t-achomharc a dhíbhe agus rinneadh achomharc ansin ar an gcás chuig an gCúirt Uachtarach. Ar an 19 Iúil 2011, thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnais, bunaithe ar mhóramh ceathair in aghaidh a haon, agus cuireadh mo chinneadh ar leataobh. Cinneadh go raibh aois mháthair an iarratasóra nuair a thug sí ar an saol é in 1922 faoi chosaint ag na forálacha rúndachta san Acht um Shaoráil Faisnéise.

In aitheasc a thug mé don *Medico-Legal Society of Ireland* ar an 23 Feabhra 2012, rinne mé tagairt don bhreithiúnas:

"Ciallaíonn an breithiúnas go bhfuil tús áite ag an bprionsabal maidir le rúndacht faisnéise a thugann othar ospidéil thar an gceart atá ag duine chun faisnéise faoi aois a mháthar nó a máthar féin. Agus is cosúil go bhfuil feidhm ag an bprionsabal sin cé go bhfuil an t-othar atá i gceist ar shlí na fírinne agus nach bhfuil an fhaisnéis atá i gceist uafásach leochaileach in aon chor".

I m'aitheasc dúirt mé freisin go bhfuil deacracht i gcónaí le rochtain a fháil ar 'faisnéis maidir le bunús duine' – faisnéis phearsanta do dhaoine nár fhás aníos in éineacht lena dtuismitheoirí agus le teaghlaigh – agus glactar leis toisc nach mbíonn faisnéis den sórt sin 'maidir le bunús' ag daoine go bhfágann sé sin daoine níos goilliúnaí ná mar a bheadh amhlaidh ó thaobh strus síceolaíoch agus brú ar chaidrimh de. Ag deireadh an aithisc, dúirt mé:

"Amach anseo, is dóigh go ndiúltófar do gach iarratas eile a dhéanfar faoi Shaoráil Faisnéise ar "fhaisnéis maidir le bunús", i gcás go mbaineann siad le taifid atá i seilbh ospidéil nó dochtúra. Agus tá an baol ann go gcuirfidh sé sin bac mór ar thiomantas an Rialtais moladh sonrach a rinne an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ina mhórthuarascáil ó 2009 (Tuarascáil Ryan) a chur i bhfeidhm.

Rinne an Rialtas a bhí ann roimhe seo tiomantas gach ceann de mholtaí Thuarascáil

Ryan a chur i bhfeidhm; agus measaim leis go bhfuil an Rialtas reatha ag seasamh leis an tiomantas sin. Baineann Moladh 7.05 de Thuarascáil Ryan (Iml. IV, Caib. 7) le seirbhísí rianaithe teaghlaigh a choinneáil " to assist individuals who were deprived of their family identities in the process of being placed in care" and recommends that the "right of access to personal documents and information must be recognised and afforded to ex-residents of institutions."*Ag féachaint don mholadh sin a chur i bhfeidhm, luaigh an Rialtas roimhe seo go rabhthas ag brath ar rochtain a bheith ar fhaisnéis "maidir le bunús" faoin Acht um Shaoráil Faisnéise mar ghníomh a ghlacfaí mar thaca leis an moladh. Mar a deirtear sa Tuarascáil ón gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2009 - Plean Forfheidhmithe:* "Personal records will continue to be provided to individuals on request, under the terms of the Freedom of Information Act (ongoing)". *I bhfianaise an bhreithiúnais maidir leis an Rotunda, is dócha nach mbeadh ann don Acht um Shaoráil Faisnéise a thuilleadh mar ghníomh mar thaca le Moladh 7.05 de Thuarascáil Ryan".*

Sa Tuarascáil seo, tarraingím aird ar roinnt cásanna agus ar shaincheisteanna suntasacha a láimhseáil m'Oifig in 2011. I gCuid II den Tuarascáil seo, cé nach bhfuil aon cheanglas reachtúil orm sin a dhéanamh, díreach mar a rinne mé le blianta anuas, tugaim tuairisc ar mo chuid oibre mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil, ról ar leith atá agam de réir an dlí ó mo ról mar Choimisinéir Faisnéise.

Arís i mbliana tarraingím aird ar chuid den fhaisnéis a cuireadh os comhair an phobail tríd an Acht um Shaoráil Faisnéise nach mbeadh ar eolas ag daoine murach an tAcht sin. Tá roinnt scéalta a bhfuil baint ag an Acht leo agus a foilsíodh i dtuairiscí sna meáin scapaithe tríd an tuarascáil seo.

Publication: Medical Independent
Date: Thursday, May 19, 2011

Children admitted to adult psychiatric units despite ban

JUNE SHANNON

Five children under the age of 17 were admitted to adult psychiatric units between December 1st 2010 and January 20th 2011, despite an addendum introduced to the Mental Health Act 2001 on December 1st last year banning such practices except in exceptional circumstances, the *Medical Independent* has learned.

Publication: Irish Examiner
Date: Tuesday, August 2, 2011

HSE spent €1.43m to hold TB man

■ 24-hour security and private room to forcibly detain patient

by Fiachra Ó Cionnaith

THE HSE spent more than €1.43 million on 24-hour security and a private room to keep just one patient suffering from potentially lethal TB in hospital for two years against their will.

Publication: Irish Times
Date: Monday, January 31, 2011

124 claims of elder abuse against home-helpers

PAMELA DUNCAN

MORE THAN 120 complaints of alleged elder abuse by individuals providing home-help services have been received by the HSE elder abuse service since 2007.

Publication: Irish Times
Date: Thursday, December 15, 2011

Concern over slow progress in regulating home helps

Large numbers of old people are receiving care on which there are no checks, writes **Pamela Duncan**

TENS OF thousands of older people across the State depend on home help services to help them to stay in their own homes.

Publication: Irish Times
Date: Monday, December 12, 2011

Over 60,000 on outpatient waiting lists at Dublin hospitals in 2011

MORE THAN 60,000 patients were on outpatient waiting lists to see consultants at hospitals in Dublin in 2011, new figures show.

Freedom of Information applications obtained from the capital's five major voluntary hospitals, show some patients were waiting for up to 2½ years for first appointments with specialists.

Publication: Irish Independent
Date: Thursday, August 25, 2011

Over 130 UCC staff paid more than €100,000

Ralph Riegel

OVER 130 staff at an Irish university were being paid more than €100,000 last year.

Eleven academics and administrators at University College Cork were paid over €200,000 while 29 senior staff earned over €175,000, according to figures released under the Freedom of Information Act.

Príomhstaitisticí saoráil faisnéise don bhliain

Líon na nlarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a rinneadh chuig comhlachtaí poiblí 2002 – 2011



Rinneadh 16,517 iarratas ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise in 2011. Léiríonn sé seo an fás atá ag teacht i gcónaí ar iarratais faoin acht le blianta beaga anuas. Léirítear leis méadú níos mó ná 8% (1,268 iarratas) ar líon na bliana 2010 agus méadú 15% (2,227 cás) ar líon na bliana 2009. Is dóigh gur tharla an méadú sin i bpáirt mar gheall ar an gceim síos eacnamaíoch a bheith i réim i gcónaí.

Tháinig laghdú 4% ar líon na n-iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a bhí ar láimh ag comhlachtaí poiblí ag deireadh mhí na Nollag 2011 le hais 2010, laghdú ó 2,466 cás go dtí 2,379. Cuirim fáilte roimh an laghdú sin agus spreagaim na comhlachtaí poiblí atá i gceist an riaráiste seo a réiteach.

Miondealú de réir Earnála ar Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise chuig comhlachtaí poiblí

- Ospidéil dheonacha, Seirbhísí Meabhairshláinte agus Gníomhaireachtaí Gaolmhara 17%
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 37%
- Údaráis Áitiúla 9%
- Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Stáit 33%
- Institiúidí tríú leibhéil 3%
- Comhlachtaí deonacha eile 1%



Ba í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a fuair an líon ba mhó iarratas ar shaoráil faisnéise in 2011. Fuair sí 6,141 iarratas (méadú 14% ar líon na bliana 2010); fuair institiúidí tríú leibhéal 436 (suas 9% ar 2010), fuair ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit 5,479 iarratas (méadú 7% ar líon na bliana 2010). Fuair ospidéil dheonacha, seirbhísí meabhairshláinte agus gníomhaireachtaí bainteacha 2,891 iarratas (méadú 6% ar líon na bliana 2010). Fuair comhlachtaí deonacha eile 134 iarratas, agus fuair údaráis áitiúla 1,436 iarratas (laghdú 6% ar líon na bliana 2010).

Na deich gcomhlacht is mó a fuair iarratais i rith 2011

Áit ar an liosta	Comhlacht Poiblí	2011	2010	2009	2008
1	FSS an Iarthair (1)	2,204	1,953	1,647	1,362
2	FSS an Deiscirt (2)	2,153	1,926	1,756	1,548
3	An Roinn Oideachais agus Scileanna (4)	1,170	796	569	457
4	An Roinn Coimirce Sóisialaí (3)	1,106	859	556	485
5	FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh (5)	871	713	694	631
6	FSS Bhaile Átha Cliath Laighin Láir (7)	690	573	427	453
7	FSS Bhaile Átha Cliath Laighin Láir (7)	597	598	844	718
8	Ospidéal na Trócaire Corcaigh (8)	506	403	416	200
9	Ospidéal Naoimh Sléamais (-)	404	295	265	280
10	An Roinn Airgeadais (9)	258	337	272	180

Taispeántar sa tábla an deich gcomhlacht poiblí ba mhó a bhí faoi réir ag iarratais ar shaoráil faisnéise i rith 2011 (léirítear idir lúibíní na an áit a bhí acu sa liosta an bhliain roimhe sin), mar aon le comparadóirí na gcomhlachtaí sin i gcomhair 2008, 2009 agus 2010. Tá méadú foriomlán na niarratas a rinneadh ar FSS le feiceáil i ngach ceann de réigiúin FSS atá sna deich gcomhlacht is airde. Tugaim méadú mór faoi deara ar líon na n-iarratas ar shaoráil faisnéise a fuair an Roinn Oideachais agus Scileanna (méadú 47% ar 2010 agus os cionn méadú 100% ar 2009). Labhair mé anuraidh faoin méadú a tháinig ar líon na n-iarratas ar shaoráil faisnéise a fuair an Roinn Coimirce Sóisialaí agus tugaim faoi deara gur leanadh den nós sin in 2011 (méadú 29% ar iarratais na bliana 2010 agus méadú beagnach 100% ar iarratais na bliana 2009). Níl aon sonraí faoi leith agam faoi na cúiseanna a bhí leis na hathruithe sin, ach measaim go bhfuil sé réasúnta a cheapadh go mb'fhéidir gur tharla siad toisc go raibh spéis níos mó ag daoine i dtaifid a rochtain a bhain le cor chun donais na heacnamaíochta agus le ciorruithe ar sheirbhísí. Tá táblaí níos mionsonraithe le fáil i gcaibidil 4 ina ndéantar miondealú ar na hiarratais a fuarthas i ngach earnáil.

An cineál duine a rinne iarratas ar chomhlachtaí poiblí



Tá céatadán na n-iarratas a fuarthas ó na cineálacha éagsúla iarrthóirí an-chosúil leis na hiarratais a fuarthas in 2010.

An cineál iarratais a rinneadh ar chomhlachtaí poiblí



Tháinig méadú 1,893 ar líon na n-iarratas ar fhaisnéis phearsanta agus is ionann é sin agus méadú 17% ar an líon a fuarthas in 2010, bíodh is gur tháinig laghdú arís ar líon na n-iarratas ar fhaisnéis mheasctha agus ar fhaisnéis neamhphearsanta. Ar an iomlán, bhain 76% de na hiarratais in 2011 le faisnéis phearsanta, 23% le faisnéis neamhphearsanta agus 1% le faisnéis mheasctha.

Rátaí achomharc

Bhí 589 cás ann in 2011 inar iarradh go ndéanfaí athbhreithniú inmheánach ar chinntí comhlachtaí poiblí. B'ionann é sin agus díreach os cionn 3.5% de na cásanna go léir ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo. Ghlac m'Oifig le 174 cás in 2011 chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, rud ab ionann agus díreach os cionn 1% de na cinntí a rinne comhlachtaí poiblí.

Ráta scaoilte de réir comhlachtaí poiblí



Tríd is tríd bhí rátaí scaoilte na n-earnálacha éagsúla ar aon dul le rátaí blianta roimhe sin, bíodh is go raibh laghdú go dtí 50% ar na rátaí scaoilte i gcás na n-údarás áitiúil (ó 57% in 2010) agus laghdú go dtí 40% ar na rátaí scaoilte i gcás institiúidí tríú leibhéal (ó ráta 57% in 2010). Tá ráta scaoilte FSS díreach faoi 71% agus is ag an Státseirbhís atá an ráta is ísle i gcónaí, 37%. Tá miondealú mionsonraithe ar na rátaí scaoilte i ngach earnáil i gcaibidil 4.

Líon cás d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF)

Mura mbíonn iarratasóir sásta leis an gcinneadh a dhéanann comhlacht poiblí ar a (h) iarratas ar shaoráil faisnéise, féadfaidh an té sin a iarraidh ar m'Oifig athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin. Is iondúil gurb é an t-athbhreithniú sin an tríú anailís agus cinneadh a dhéanfar ar an gcás sin. Tá an cinneadh a leanann ó m'athbhreithniú ceangailteach de réir an dlí agus is féidir achomharc a dhéanamh air chuig an Ard-Chúirt ach is ar phointe dlí amháin is féidir an t-achomharc sin a dhéanamh.

Iarratais chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise 2009-2011



Taispeántar sa léaráid thuas gur tháinig laghdú 19% ar líon na n-iarratas a rinneadh chuig m'Oifig in 2011 bíodh is gur tháinig méadú beagnach 8% ar líon iomlán na n-iarratas ar shaoráil faisnéise a rinneadh chuig comhlachtaí poiblí sa tréimhse chéanna.

Is léir freisin nach nglacann m'Oifig le roinnt iarratas ar athbhreithniú. Tarlaíonn sé sin den chuid is mó toisc na hiarratais a bheith neamhbhailí nó toisc go dtarraingíonn na hiarratasóirí siar iad go luath.

Ábhar na n-iarratas ar athbhreithniú ar ghlac OCF leo



Mar is léir ón gcairt thuas, bhain formhór na n-iarratas lenar ghlac m'Oifig in 2011 le hiarratasóirí a bhí ag lorg rochtana ar thaifid tar éis do na comhlachtaí poiblí a bhí i gceist an rochtain sin a dhiúltú dóibh.

Iarratais ar ghlac OCF leo de réir cineáil 2009 - 2011



Léirítear sa tábla thuas gur tháinig méadú suntasach i gcomparáid le 2010 ar chéatadán na gcásanna sin ar ghlac m'Oifig leo inar éiligh an t-iarratasóir faisnéis phearsanta, rud a léiríonn an méadú atá tagtha ar líon na n-iarratas chuig comhlachtaí poiblí ar fhaisnéis phearsanta. Arís i mbliana, is díol spéise é a thabhairt faoi deara, bíodh is go

mbaineann 76% de na hiarratais go léir ar shaoráil faisnéise le faisnéis phearsanta, nár bhain ach 35% de na hiarratais ar ghlac m'Oifig leo in 2011 le hiarratais ar fhaisnéis phearsanta.

Toradh na n-athbhreithnithe a chuir OCF i gcrích in 2011



Rinne mé athbhreithniú in 2011 ar 200 cinneadh a rinne comhlachtaí poiblí i gcomparáid le 228 cinneadh in 2010 agus 239 in 2009. Ní mór dom a rá arís go bhfuil méadú ag teacht bliain i ndiaidh bliana ar athbhreithnithe níos casta agus níos am-ídithí, na hathbhreithnithe a bhaineann le faisnéis neamhphearsanta ach go háirithe. Bhí 166 cás idir lámha ag m'Oifig ag deireadh mhí na Nollag 2011, i gcomparáid le 192 ag deireadh na bliana 2010 agus 200 ag deireadh na bliana 2009.

Tugaim faoi deara gur cuireadh taifid bhreise ar fáil i gcás thart ar 31% de na cásanna ar chuir m'Oifig bailchríoch orthu in 2011 i gcomparáid le 43% in 2010 agus 30% in 2009. Tá anailís mhionsonraithe ar na cásanna sin a ndearnadh cinneadh foirmiúil fúthu i gcaibidil 3.

Próifíl aoise na gcásanna a dhún OCF



Léirítear sa tábla seo gur choinnigh m'Oifig an ráta dúnta cásanna 33% maidir le cásanna a dúnadh laistigh de cheithre mhí tar éis iad a fháil. Léirítear ann freisin go raibh 57% de chásanna a dúnadh anuraidh againn le cois bliain agus is léiriú é sin ar thionscnaimh faoi leith a cuireadh ar bun in iarracht cásanna a bhí againn le fada a dhúnadh. Go deimhin, tá líon na gcásanna atá idir lámha againn a bhí againn níos faide ná trí bliana laghdaithe ó 30 ag deireadh 2010 go dtí ceann amháin ag deireadh 2011. Leanfaidh m'Oifig lena cuid iarrachtaí cásanna a dhúnadh laistigh de cheithre mhí agus díreoimid freisin ar chásanna atá againn le píosa fada.

Próifíl aoise na gcásanna idir lámha in OCF ag deireadh 2011



Miondealú de réir comhlachtaí poiblí ar iarratais arna nglacadh ag OCF lena n-athbhreithniú



Miondealú ar chásanna FSS arna nglacadh ag OCF



Tugtar miondealú sna léaráidí thuas de réir comhlachtaí poiblí ar na cásanna ar ghlac m'Oifig leo in 2011 chun athbhreithniú a dhéanamh orthu. Bhain 58 cás nó 34% de na cásanna a ndearna m'Oifig athbhreithniú orthu le FSS, sin méadú ar líon na gcásanna ar glacadh leo in 2010. Tháinig méadú, le hais 2010, ar líon na n-iarratas a rinneadh chun m'Oifige a bhain le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le RTÉ agus tháinig laghdú ar líon na n-iarratas a bhain leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Tá miondealú sa dara léaráid de na 58 iarratas a rinneadh chuig m'Oifig a bhain le FSS. Tháinig méadú mór ar líon na n-iarratas a bhain le FSS ar leibhéal náisiúnta ó 6 iarratas in 2010 go dtí 26 in 2011 agus tháinig laghdú ar iarratais ó FSS an Deiscirt agus ó FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh ó 20 iarratas in 2010 go dtí 10 gcinn in 2011 agus ó 11 iarratas in 2010 go dtí 5 cinn in 2011 faoi seach.

Réitigh agus cásanna a aistarraingíodh

Réitítear nó aistarraingítear lear mór cásanna a chuirtear chuig m'Oifig lena n-athbhreithniú (59% in 2011). Réitíodh 49 cás nó 25% de na cásanna a dúnadh le linn na bliana agus tharraing an tiarratasóir a (h)iarratas siar in 70 cás eile nó in 34% díobh.

Diúltuithe measta

San Acht um Shaoráil Faisnéise, leagtar síos teorainneacha reachtúla ama ar chomhlachtaí poiblí maidir leis na céimeanna éagsúla a bhaineann le hiarratas ar shaoráil faisnéise. Ba cheart cinneadh a eisiúint faoin iarratas laistigh de cheithre seachtaine, agus sa chás go n-iarrtar athbhreithniú inmheánach ba cheart cinneadh a eisiúint laistigh de trí seachtaine ón athbhreithniú sin. Má sháraítear na teorainneacha ama sin (trí gan aon chinneadh a dhéanamh nó trí chinneadh déanach a dhéanamh nuair a iarrtar athbhreithniú inmheánach), beidh sé de cheart ag an iarratasóir glacadh leis gur diúltaíodh an cead rochtana agus beidh sé nó sí i dteideal iarratas a dhéanamh chun m'Oifige chun athbhreithniú a dhéanamh ar a leithéid de dhiúltú measta.

Diúltuithe measta 2007 - 2011



Taispeántar sa chairt thuas go bhfuil an leibhéal diúltaithe measta tite ó 39 in 2010 go dtí 27 in 2011. Cuirim fáilte roimh an titim sin agus táim ag súil go leanfaidh líon na ndiúltuithe measta ag titim sna blianta seo amach romhainn. Bhí FSS freagrach as beagnach 50% de na sáruithe in 2011, bíodh is go bhfuair siad 37% de na hiarratais ar shaoráil faisnéise.

Diúltuithe measta 2011



Ba iad FSS Thoir Thuaidh agus FSS Theas ba mhó a bhí diúltaithe measta acu agus seacht agus sé shárú acu faoi seach. Cúis imní é freisin gur tharla na sáruithe sin i gcás 21 comhlacht poiblí in 2010, i gcomparáid le 18 gcomhlacht poiblí in 2009. Bíodh is nach ceart go sárófaí an reachtaíocht ar chor ar bith is céim chun tosaigh é gur tharla laghdú ar líon na sáruithe a rinne FSS Laighin Láir óna seacht go dtí a dó.

Fiosruithe ginearálta chuig OCF



Tháinig méadú 32% go dtí 824 ar líon na bhfiosruithe a rinneadh chuig m'Oifig in 2011, is é sin 633 glaoch teileafóin, 141 ríomhphost, 38 litir agus 12 dhuine a thug cuairt orainn. Níor bhain na fiosruithe ginearálta sin le haon athbhreithniú faoi leith agus de ghnáth bhain siad le fiosruithe ar fhaisnéis faoi m'Oifig nó faoi fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise, chomh maith le hábhair atá lasmuigh de mo théarmaí tagartha mar Choimisinéir Faisnéise.

Táillí a fuair OCF

Cuireadh feidhm le córas táillí tosaigh ar an 7 Iúil 2003 i gcomhair iarratais áirithe maidir le saoráil faisnéise agus iarratais ar athbhreithnithe inmheánacha agus iarratais ar athbhreithniú ag m'Oifig. Is iad seo a leanas na táillí atá iníoctha nuair a dhéantar iarratas ar fhaisnéis seachas faisnéis phearsanta faoin iarratasóir féin:

- €15 ar iarratas ar shaoráil faisnéise (laghdaithe go €10 i gcás daoine a bhfuil cárta leighis acu agus a gcleithiúnaithe);
- €75 ar iarratas ar athbhreithniú inmheánach ar chinneadh saorála faisnéise (laghdaithe go €25 i gcás daoine a bhfuil cárta leighis acu agus a gcleithiúnaithe);
- €150 ar iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh saorála faisnéise de chuid m'Oifige (laghdaithe go €50 i gcás daoine a bhfuil cárta leighis acu agus a gcleithiúnaithe); agus
- €50 ar iarratas a dhéanann an tríú páirtí lena mbaineann na taifid, go ndéanfadh m'Oifig athbhreithniú ar chinneadh saorála faisnéise faisnéis a scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail tar éis nósanna imeachta comhairliúcháin alt 29 a bheith comhlíonta.

Fuair m'Oifig 82 iarratas ar athbhreithniú i rith 2011 agus bhí táille íoctha ina leith. Ba é €10,450 méid iomlán na dtáillí iarratais a fuair m'Oifig in 2011. Aisíocadh €5,100 ar chúiseanna éagsúla, rud a d'fhág go bhfuarthas €5,350 ar an iomlán in 2011. Tugadh na haisíocaíochtaí ar na cúiseanna seo a leanas:

- €4,450 toisc gur diúltaíodh do na hiarratais toisc iad a bheith neamhbhailí, nó toisc gur aistarraingíodh nó gur réitíodh iad;
- €650 toisc nár eisigh an comhlacht poiblí cinneadh nó cinneadh faoi athbhreithniú inmheánach laistigh de na teorainneacha ama agus ar an ábhar sin gur "diúltú measta" a bhí ann (dá dtagraítear in alt 41 den Acht um Shaoráil Faisnéise) nach mbíonn aon táille iarratais i gceist leis.

Fógraí reachtúla

Aithním arís i mbliana an leibhéal ard comhoibrithe a thug comhlachtaí poiblí maidir le faisnéis a sholáthar i bhfoirm aighneachtaí; taifid a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu; ráitis faoi na cúiseanna a bhí le cinntí srl. Is mór agam an leibhéal comhoibrithe seo. Tá forálacha sonracha san Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le soláthar taifead agus faisnéise chun m'Oifige. Áirítear orthu sin:

- **Alt 35 den Acht um Shaoráil Faisnéise** a thugann an chumhacht dom ordú a thabhairt do cheannaire comhlachta poiblí, má mheasaim nach leor na cúiseanna a thugtar maidir le cinneadh, ordú a thabhairt go dtabharfar ráiteas iomlán don iarratasóir lena mbaineann agus do m'Oifig faoi na cúiseanna a ndearnadh an cinneadh, agus
- **Alt 37 den Acht um Shaoráil Faisnéise** a thugann an chumhacht dom a cheangal go gcuirfí faisnéis agus/nó taifid ar fáil dom, agus dul isteach in áitreabh ina bhfuil comhlacht poiblí lonnaithe d'fhonn aon fhaisnéis a fháil atá riachtanach chun críche athbhreithniú a dhéanamh.

Sheirbheáil mé fógra amháin in 2011 faoi alt 37 ar chomhlacht poiblí nár chomhoibrigh le m'Oifig tar éis don ghnáth-chomhfhreagras a eisiúint. Seirbheáladh an fógra sin ar Bhráithre na Carthanachta, Seirbhísí an Deiscirt, Corcaigh ar an 8 Feabhra 2011.

Bráithre na Carthanachta, Seirbhísí an Deiscirt, Corcaigh.

Rinne m'Oifig iarratas ar thaifid ó Sheirbhísí an Deiscirt de Bhráithre na Carthanachta, Corcaigh faoi dhó i ríomhphoist agus cúig huaire trí litir scríofa. Cuireadh glaoch teileafóin freisin trí huaire ar na Bráithre agus iarradh orthu a shasamh a chlarú. Toisc nach bhfuarthas aon fhreagra, d'eisigh mé fógra faoi alt 37 den Acht um Shaoráil Faisnéise chuig an bPríomhfheidhmeannach ar an 8 Feabhra 2011. Chuaigh m'Oifigigh i dteagmháil leis na Bráithre arís ar an 1 Márta 2011 nuair nach bhfuarthas aon fhreagra ar an bhfógra faoi alt 37. Chuaigh an Príomhfheidhmeannach i dteagmháil le m'Oifig agus ghabh sé leithscéal nár thug sé freagra ar bith ar an bhfógra faoi alt 37. Dúirt sí go raibh an Comhordaitheoir um Shaoráil Faisnéise as láthair ar shaoire bhreoiteachta le fada agus gur mar gheall air sin nach bhfuarthas aon fhreagra ar chomhfhreagras um Shaoráil Faisnéise agus dúirt sí go raibh Bainisteoir Taifead á earcú in áit an duine a bhí tinn. Ghlac sí freagracht iomlán as a chinntiú go bhfuil na córais ann chun cúrsaí Saorála Faisnéise a láimhseáil.

Dar leis an bPríomhfheidhmeannach, eisíodh cinneadh maidir leis an athbhreithniú inmheánach ar an 25 Bealtaine 2010, ach níor chuir an t-iarratasóir in iúl don chomhlacht poiblí nach raibh freagra faighte aici ar a hiarratas ar athbhreithniú

inmheánach. Toisc nach raibh aon fhianaise dhoiciméadach ann a thacódh nó a dhiúltódh an méid a bhí le rá ag ceachtar den dá thaobh, ní raibh aon rud eile le déanamh ag m'Oifig sa chás.

Chuir mé fáilte roimh an leithscéal faoi gan aon fhreagra a thabhairt ar an bhfógra faoi alt 37 agus an deimhniú a thug an Príomhfheidhmeannach go bhfuil céimeanna á nglacadh ionas nach dtarlóidh a leithéid de rud arís.

Bhí comhoibriú maith riamh ag comhlachtaí poiblí i dtaca le hathbhreithnithe a rinne m'Oifig. Cuirim fáilte roimh an titim ar an méid uaireanta, mar atá le feiceáil sa tábla thíos, inarbh éigean dom mo chumhachtaí foirmiúla a úsáid faoi alt 37.

Fógraí faoi Alt 37



Níorbh ghá dom fógra ar bith faoi alt 35 a eisiúint in 2011.

Deimhnithe reachtúla arna n-eisiúint ag Airí/Ard-Rúnaithe

Tugadh forálacha isteach faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 lenarbh fhéidir taifid áirithe a bhaint as réim an Achta um Shaoráil Faisnéise trí dheimhniúchán ó Aire nó ó Ard-Rúnaí Roinne. Tá na forálacha ábhartha in ailt 19, 20 agus 25 den Acht um Shaoráil Faisnéise agus foráiltear leo chomh maith nach mór tuarascáil a chur chuig m'Oifig ina sonraítear líon na ndeimhnithe den sórt sin arna n-eisiúint.

Alt 19

Is díolúine éigeantach é Alt 19 a sholáthraíonn cosaint i leith taifead a bhaineann leis an Rialtas nó leis an gComh-Aireacht. Athraíodh an sainmhíniú ar Rialtas le hAcht 2003 ionas go gcumhdófaí coiste oifigeach arna cheapadh ag an Rialtas chun freagairt díreach dó agus arna dheimhniú mar sin ag deimhniúchán i scríbhinn ón Ard-Rúnaí don Rialtas.

Chuir an tArd-Rúnaí don Rialtas in iúl dom nár eisigh sé aon deimhniú faoi alt 19 in 2011.

Alt 20

Is díolúine lánroghnach é Alt 20 den Acht um Shaoráil Faisnéise lena bhféadfaí taifid áirithe maidir le próiseas pléite comhlachta phoiblí a chosaint. I gcás Roinn Stáit, féadfaidh an tArd-Rúnaí deimhniúchán i scríbhinn a eisiúint go bhfuil ábhar i dtaifead ar leith a bhaineann le próiseas pléite na Roinne sin. I gcás ina n-eisítear deimhniú den sórt, ní féidir an taifead sonraithe a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. I ndáiríre, is díolúine éigeantach é ansin. Aisghairtear deimhniú den sórt in am trátha nuair a eisíonn an tArd-Rúnaí deimhniúchán i scríbhinn.

Tar éis dul i gcomhairle le gach Ard-Rúnaí, cuireadh in iúl do m'Oifig nár eisíodh aon deimhniú nua faoi alt 20 le linn 2011.

Cuireadh in iúl dom freisin nár aisghaireadh de réir fhorálacha alt 20(1A)(b) an deimhniú faoi alt 20 a d'eisigh Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí (mar a bhí) an 11 Lúnasa 2006 agus a ndearnadh tagairt dó i dTuarascálacha roimhe seo. Mar sin, tá sé fós i bhfeidhm. Tá cóip den fhógra ceangailte in Aguisín 1.

Cuireadh in iúl dom freisin go ndearnadh athbhreithniú i Mí an Mhárta 2011 ar an deimhniú faoi alt 20 a d'eisigh Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta ar an 4 Márta 2009 agus go mbeidh feidhm aige ar feadh dhá bhliain eile. Tá cóip den fhógra ceangailte in Aguisín 1.

Alt 25

I gcás inar deimhin d'Aire Rialtais gur taifead díolmhaithe é an taifead lena mbaineann de bhun alt 23 (forfheidhmiú an dlí agus sábháilteacht an phobail) nó alt 24 (slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta) agus go bhfuil an taifead sách íogair nó sách tromaí chun gur chóir é a dhéanamh, féadfaidh an tAire sin, trí dheimhniú a eisiúint faoi alt 25(1), a dhearbhú go bhfuil an taifead díolmhaithe ó chur i bhfeidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise. Ní mór don Aire (do na hAirí) lena mbaineann tuarascáil a sholáthar do m'Oifig gach bliain maidir le líon na ndeimhnithe a eisíodh agus maidir le forálacha alt 23 nó alt 24 den Acht um Shaoráil Faisnéise a raibh feidhm acu i leith an

taifid (na dtaifead) díolmhaithe. Ní mór dom cóip d'aon tuarascáil den sórt sin a chur i gceangal le mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain lena mbaineann.

Tar éis dul i gcomhairle le gach Ard-Rúnaí, cuireadh in iúl do m'Oifig gur eisíodh sé dheimhniú nua in 2011. D'eisigh an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála trí cinn díobh ar an 21 Iúil 2011. D'eisigh an tAire Dlí agus Comhionannais ("an tAire") na trí dheimhniú eile ar an 10, 22 agus 25 Meitheamh 2011. Rinne an tAire athnuachan ar dhá dheimhniú ar an 19 Feabhra agus an 13 Márta 2010 faoi seach i gcomhair tréimhse dhá bhliain agus eisíodh deimhniú nua in 2010, agus tagraítear dó i mo Thuarascáil Bhliantúil 2010. Ciallaíonn sé sin go raibh feidhm ag sé dheimhniú faoi alt 25 a bhaineann leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí amhail 31 Nollaig 2011. Tá cóip den fhógra ón Ard-Rúnaí ceangailte in Aguisín I leis an Tuarascáil seo. Beidh athbhreithniú in 2012 faoi alt 25(7) den Acht um Shaoráil Faisnéise ar na deimhnithe a eisíodh thuas.

Cuireadh fógra chugam i litir dar dáta 6 Marta 2012, gur dheimhin leis an Taoiseach ag an am, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, de bhun alt 25(7) den Acht um Shaoráil Faisnéise, tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar an 12 dheimhniú a bhí i bhfeidhm don tréimhse dar críoch Deireadh Fómhair 2011, nárbh ghá aisghairm aon cheann den 12 dheimhniú sin a iarraidh. Tá cóip den fhógra ceangailte in Aguisín II leis an Tuarascáil seo.

Achomhairc chuig na Cúirteanna

Féadfaidh aon pháirtí in athbhreithniú, nó aon duine eile ar a bhfuil tionchar ag cinneadh de chuid m'Oifige, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Ar leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise in 2003, is féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach faoi chinneadh na hArd-Chúirte.

Thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas le linn 2011 maidir le hachomharc a rinneadh i gcoinne bhreithiúnas na hArd-Chúirte faoi chinneadh de chuid m'Oifige. Ceadaíodh an t-achomharc i gcoinne bhreithiúnas na hArd-Chúirte agus cuireadh mo chinneadh ar leataobh mar thoradh air sin. Socraíodh achomharc a rinneadh chuig an Ard-Chúirt i gcoinne cinneadh eile de mo chuid idir na páirtithe agus d'eisigh an Ard-Chúirt ordú inar cuireadh an cás ar aghaidh chugamsa lena chinneadh de réir an dlí. Tá achoimrí ar na hachomhairc sin le fáil i gcaibidil 2 den tuarascáil seo.

Cúrsaí foirne

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le m'fhoireann agus le mo chomhghleacaithe san Oifig as a gcuid tacaíochta i rith 2011. Ba mhaith liom go háirithe buíochas a ghlacadh leis an Ard-Stiúrthóir, Pat Whelan agus leis na hImscrúdaitheoirí Sinsearacha, Fintan Butler, Elizabeth Dolan, Sean Garvey agus Stephen Rafferty as an gcúnamh a thug siad agus freisin le Alison McCulloch, Melanie Campbell, Edmund McDaid, foireann na hOifige agus foireann na nAonad TF agus Cumarsáide as a gcúnamh leis an Tuarascáil seo a chur le chéile.

Tháinig roinnt athruithe ar an bhfoireann san Oifig le linn 2011. Bhain Elizabeth Dolan leas as an scéim sos gairme. Bhog Séan Garvey, Imscrúdaitheoir Sinsearach, Anne Moran, Imscrúdaitheoir agus Phyllis Flynn, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin chuig Oifig an Ombudsman agus chuaigh Ciarán O'Donohoe, Imscrúdaitheoir agus Iris Kilbey, Oifigeach Cléireachais ag obair san Aonad Seirbhísí Corparáideacha. Cuirim fáilte roimh Stephen Rafferty, Imscrúdaitheoir Sinsearach, Anne Garland agus Maurice Kiely, Imscrúdaitheoirí, Edmund McDaid, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Denise Freeman, Oifigeach Cléireachais, a tháinig ag obair san Oifig le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le Fintan Butler, Imscrúdaitheoir Sinsearach, ag bhí ag obair i m'Oifig ar feadh cuid den bhliain 2011.

Publication: Irish Times
Date: Tuesday, January 4, 2011

OPW history book to go €350,000 over budget

CARL O'BRIEN

A HISTORY of the Office of Public Works to be published this year will cost the taxpayer €350,000 more than was originally envisaged.

The OPW agreed a two-year contract in 2002 with a professional historian to write a history of the organisation at a total cost of €76,184.

However, when the full extent of archival work needed became apparent, the OPW agreed a further extension until January 2006 at a further cost of €78,470.

No signed contract went beyond this point. However the project has been continually extended by the OPW and will be finally completed this year.

Publication: Sunday Business Post
Date: Sunday, January 23, 2011

Former steel site has cost taxpayer €50 million

By John Burke
Public Affairs Correspondent

The state has spent €50 million clearing hazardous waste from the former Ispat Irish steelworks site in Cork harbour – almost twice the original estimate.

Publication: Irish Independent
Date: Friday, December 16, 2011

HSE spent over €1.3m to care for three teenagers

Gordon Deegan

THE HSE spent €1.32m caring for three troubled teenagers at a special-care unit in the first six months of this year.

At more than €440,000 per teen, the spend was a quarter of a million euro over budget.

Coovagh House in Limerick is currently closed and is due to re-open later this month, after the HSE spends €650,000 on refurbishing the unit.

Publication: Irish Examiner
Date: Saturday, April 09, 2011

Orders give just €20m of €1.3bn abuse compo bill

■ Taxpayer foots balance despite state seeking 50:50

RELIGIOUS orders have contributed €20 million in cash of the estimated €1.3 billion cost of meeting child abuse compensation claims — leaving most of the rest to be picked up by the taxpayer.

Publication: Irish Times
Date: Friday, October 14, 2011

Minister's concern about danger of 100% mortgages was dismissed

HARRY McGEE

THE DEPARTMENT of Finance and the Financial Regulator's office dismissed concerns about the introduction of 100 per cent mortgages during 2005, newly released documents show.

Publication: Irish Examiner
Date: Friday, December 16, 2011

School dentist accused of sex abuse

■ Health board consistently failed to launch full inquiry into claims

by Claire O'Sullivan

A HEALTH board in the southern half of the country consistently refused to launch a full inquiry into sexual abuse by a school dentist, despite numerous complaints against him.

Publication: Irish Times
Date: Thursday, April 7, 2011

State to pay €1m in rent for offices of defunct agencies

GENEVIEVE CARBERY

THE DEPARTMENT of Education will pay almost €1 million in rent on offices vacated by two defunct State-funded agencies.

Two agencies that dealt with international education ceased operations in December 2009 with staff and functions merged with other State bodies.

The mergers were part of the Government's cost-saving strategy to rationalise State agencies.

OVER BUDGET

OPW HISTORY BOOK TO GO €350,000 OVER BUDGET

TAXPAYER

SITE HAS COST TAXPAYER €50 MILLION

CARE

HSE SPENT OVER €1.3M TO CARE FOR THREE TEENAGERS

RENT

STATE TO PAY €1M IN RENT FOR OFFICES OF DEFUNCT AGENCIES

MORTGAGES

MINISTERS CONCERN ABOUT DANGER OF 100% MORTGAGES WAS DISMISSED

ABUSE

HEALTH BOARD CONSISTENTLY FAILED TO LAUNCH FULL INQUIRY INTO CLAIMS

CAIBIDIL 2

Caibidil 2: Saincheisteanna a tháinig chun cinn

Is é cuspóir na caibidle seo aird a tharraingt ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn anuraidh a bhaineann le feidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise. Tá cuid de na saincheisteanna a tháinig chun cinn ina saincheisteanna oibriúcháin agus baineann siad le comhlachtaí poiblí áirithe, fad is atá roinnt eile ina saincheisteanna is gá a réiteach ar leibhéal an Rialtais nó ag an Roinn Airgeadais. Cuimsím sonraí faoi bhreithiúnais/ orduithe a rinne na Cúirteanna in 2011 sa chaibidil seo freisin.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna a phléitear:

- Pleananna an Rialtais maidir le saoráil faisnéise
- Rialacháin faoi alt 28(6) den Acht um Shaoráil Faisnéise
- Droch-láimhseáil Cásanna ag Comhlachtaí Poiblí
- Alt 29
- Iarratais ar Shaoráil Faisnéise a Scoilteadh
- Cásanna réitithe
- Breithiúnais / Orduithe a rinne na hUaschúirteanna le linn 2011

Pleananna an Rialtais maidir le saoráil faisnéise

Tá bliain eile imithe thart agus arís ní mór dom a thuairisciú nár tugadh aon chomhlachtaí poiblí breise faoi chuimsiú raon an Achta um Shaoráil Faisnéise. Mar a luaigh mé i mo Thuarascáil Bhliantúil dheireanach áfach, fáiltím roimh an tiomantas a léirigh an Rialtas reatha sa Chlár don Rialtas, *Rialtas Téarnaimh Náisiúnta 2011-2016* inar gealladh reachtaíocht chun an tAcht um Shaoráil Faisnéise a chur ar ais mar a bhí sular cuireadh leasuithe 2003 i bhfeidhm air agus a théarmaí tagartha a shíneadh chuig comhlachtaí poiblí eile. Tá áthas orm freisin gur thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe deis do m'Oifig liosta moltaí a sholáthar a bhí dírithe ar fheidhmiú an Achta a fheabhsú agus tá súil agam go léireofar na moltaí a soláthraíodh san Acht leasaithe. Tuigim go bhfuil an reachtaíocht á dréachtú faoi láthair agus molaim go gcuirfí na hathruithe i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

Rialacháin faoi alt 28(6) den Acht um Shaoráil Faisnéise

I mo thuarascáil bhliantúil le haghaidh 2009, d'fháiltigh mé roimh thabhairt isteach na Rialachán maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (alt 28(6)), 2009, I.R. Uimh. 387 de 2009, ar tugadh isteach iad an 23 Meán Fómhair 2009 in ionad na Rialachán a bhí ann roimhe sin (I.R. Uimh. 47 de 1999).

De thoradh ar na Rialacháin leasaithe sin, is féidir le cinnteoirí fachtóirí eile a chur san áireamh seachas an gaol idir an t-iarratasóir agus an duine lena mbaineann na taifid arna n-iarraidh agus cinntí á ndéanamh acu maidir le taifid daoine nach maireann. Chomh maith leis na haicmí iarratasóirí a gcuirfear taifid daoine nach maireann ar fáil dóibh a fhorordú, éilítear i Rialacháin 2009 freisin go gcuirfear tástáil maidir le leas an phobail i bhfeidhm. D'fhéadfadh na Nótaí Treorach a d'fhoilsigh an tAire Airgeadais de bhun I.R. Uimh. 387 de 2009 a bheith ina n-uirlis úsáideach le haghaidh cinnteoirí agus iad ag plé le ceist dheacair na bhfachtóirí ar cheart a mheas agus an áit ina bhfuil cothromaíocht leas an phobail á cinneadh acu maidir leis an iarratas ar rochtain.

Bhí an deis agam le déanaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad iarratas chuig m'Oifig agus aird á tabhairt ar na Rialacháin nua agus ar na Nótaí Treorach ábhartha. Tá achoimre ar an gcinneadh sin le fáil i gCaibidil 3 den Tuarascáil seo.

Droch-láimhseáil cásanna ag comhlachtaí poiblí

Teip chun iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach a aithint agus droch-sceidealú taifead - Cás Uimh. 090041

Sa chás seo, scríobh m'oifigeach údaraithe chuig Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí chun a chuid imní a chur in iúl maidir leis an gcaoi ina ndearnadh an cás a phróiseáil. Ar an gcéad dul síos, níor mheas Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) gurb ionann litir an iarratasóra den 31 Nollaig 2008 agus iarratas ar athbhreithniú inmheánach ar chinneadh OOP maidir lena iarratas. Thug m'oifigeach údaraithe faoi deara go ndearnadh tagairt shoiléir sa litir den 31 Nollaig 2008 d'iarratas an iarratasóra roimhe sin ar shaoráil faisnéise, go raibh an táille ábhartha san áireamh léi, agus go ndearnadh agóid shoiléir i gcoinne leordhóthanacht chuardaigh OOP le haghaidh taifid áirithe a bhain leis an iarratas, agus i gcoinne pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil a chur i bhfeidhm i leith cuid de na taifid arna gcoinneáil siar. Cé go dtuigim gurb é seasamh OOP nach ndearnadh iarratas foirmiúil sa litir ar athbhreithniú inmheánach, mar sin féin cuireann an tAcht um Shaoráil Faisnéise dualgas ar chomhlachtaí poiblí cabhrú le hiarratasóirí. Mar a luaigh m'oifigeach, bheifí ag súil, ar a laghad, go ndéanfadh OOP é a shoiléiriú leis an iarratasóir cibé an raibh sé i gceist aige leis an litir athbhreithniú inmheánach a lorg faoin Acht um Shaoráil Faisnéise nó nach raibh.

Ar ábhar eile, cé gur thug m'oifigeach údaraithe faoi deara gur chaith OOP, go háirithe foireann na Maoine Stairiúla, a lán ama ag plé leis an gcás seo agus go raibh siad lán-sásta teagmháil a dhéanamh le m'Oifig, measadh go raibh roinnt taifead ábhartha, tar éis don Oifig seo iad a iarraidh, ach níor mheas OOP iad a bheith ábhartha don iarratas ar dtús. Ní raibh sé soiléir do m'oifigeach ar tharla sé sin de bharr droch-sceidealú na dtaifead, de bharr míthuisceana maidir leis an iarratas, nó ar chúis éigin eile.

Ina litir chuig na Coimisinéirí, mhol m'oifigeach go gcuirfí na baill foirne uile a bhíonn ag plé le cúrsaí saorála faisnéise ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le sceidealú iomchuí taifead. Sa chás seo, bheadh liosta de na taifid go léir ar an gcomhad le fáil i sceidil iomchuí, seachas na taifid sin amháin a cheap OOP go raibh siad ábhartha don iarratas. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh liosta sa sceideal de na taifid go léir den chineál sin a measadh a bheith neamhábhartha don iarratas, mar aon le cinneadh OOP chun na cinn eile a scaoileadh nó a choinneáil siar. Ba cheart go mbeadh cóipeanna de na taifid go léir ar na comhaid sin curtha ar fáil do m'Oifig le haghaidh athbhreithnithe ar cibé an raibh an t-eisiamh a rinne OOP ar thaifid áirithe ar fhorais ábharthachta iomchuí nó nach raibh. Dá gcuirfí cur chuige den sórt sin i bhfeidhm, shábhálfaí an-chuid ama sa chás seo i gcás an dá Oifig. Moltar freisin do na Coimisinéirí go bhféadfadh go mbeadh gá le roinnt oiliúna athnuachana ar riachtanais an Achta um Shaoráil Faisnéise do na baill foirne go léir lena mbaineann.

D'admhaigh na Coimisinéirí ó shin gur cheart sceideal iomlán taifead a bheith curtha ar fáil sa chás seo agus dheimhnigh siad go bhfuil bearta oiliúna iomchuí maidir le saoráil faisnéise i bhfeidhm anois.

Alt 29

Leagtar amach in Alt 29 den Acht um Shaoráil Faisnéise na nósanna imeachta is ceart a leanúint nuair a cheapann an comhlacht poiblí go bhfuil taifead díolmhaithe ó nochtadh toisc go bhfuil faisnéis a tugadh i modh rúin (alt 26), faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de (alt 27) nó faisnéis phearsanta a bhaineann le tríú páirtí (alt 28) ann ach, tríd is tríd, déantar an taifead a nochtach ar mhaithe le leas an phobail.

I gcás go bhfuil feidhm ag alt 29, ní mór don chomhlacht fógra a thabhairt do thríú páirtí lena mbaineann sula ndéanfar cinneadh deiridh faoi cibé ar cheart an díolúine/na díolúintí sin, a bheadh i bhfeidhm murach sin, a shárú ar mhaithe le leas an phobail. Is iad seo a leanas na teorainneacha ama le haghaidh comhairliúcháin den chineál sin:

- Ní mór fógra a chur chuig an duine/na daoine lena mbaineann an fhaisnéis sna taifid, laistigh de dhá sheachtain, ina sonraítear go ndearnadh iarratas ar shaoráil faisnéise

agus go bhfuiltear chun an t-iarratas a cheadú ar mhaithe le leas an phobail.

- D'fhéadfaí an tréimhse fógartha dhá sheachtain a shíneadh faoi dhá sheachtain eile [alt 29(2A)] má mheasann an comhlacht go bhfuil líon na dtaifead nó líon na dtríú páirtithe ar ghá fógra a thabhairt dóibh mór go leor nach féidir a leithéid a dhéanamh go réasúnta laistigh den tréimhse fógartha dhá sheachtain. Ní mór an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin síneadh roimh dháta éaga na chéad tréimhse dhá sheachtain.
- Ní mór don duine lena mbaineann an fhaisnéis sna taifid aighneacht a chur chuig an gcomhlacht poiblí maidir leis an iarratas ar shaoráil faisnéise laistigh de thrí seachtaine ón dáta ar a bhfaigheann sé/sí an fógra thuasluaite.

Le linn 2011, ní dhearnadh an comhairliúchán leis an duine lenar bhain an fhaisnéis laistigh de na teorainneacha ama forordaithe i gcás roinnt iarratas a cuireadh chuig m'Oifig le haghaidh athbhreithnithe, a raibh feidhm ag alt 29 ina leith. I gcás amháin dá leithéid, (cás uimh. 110162), rinne Comhairle Cathrach Chorcaí (an Chomhairle) iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh Fháilte Éireann rochtain a cheadú ar dhoiciméadúchán a rachadh i gcion ar leasanna na Comhairle. Fuair Fáilte Éireann an t-iarratas bunaidh an 2 Meitheamh 2011 agus fuair an Chomhairle fógra ina leith an 24 Meitheamh 2011. Chuaigh an tréimhse deich lá a ndéantar foráil di in alt 29(2) in éag an 17 Meitheamh 2011. Dheimhnigh Fáilte Éireann nár thug sé aon fhógra don iarratasóir bunaidh faoi shíneadh ar bith ar an tréimhse ama roimh an 17 Meitheamh 2011. Tugadh fógra don iarratasóir an 27 Iúil 2011 maidir le síneadh ama de bharr an lín shuntasaigh taifead a bhí i gceist, ach bhí sé sin lasmuigh den tréimhse dá bhforáiltear faoi alt 29(2A)(b). Sa bhreis air sin, níor sholáthair an Chomhairle a haighneacht d'Fháilte Éireann laistigh den tréimhse 3 seachtaine atá sonraithe in alt 29(2).

Tá sé soiléir ón méid thuas nár cuireadh riachtanais alt 29 i bhfeidhm i gceart sa chás seo. Dá bhrí sin, tar éis measúnú cúramach, rinne mé cinneadh neamhniú a dhéanamh ar chinneadh Fháilte Éireann. Mar thoradh ar mo chinneadh, bhí ar Fháilte Éireann plé leis an iarratas bunaidh as an nua, ar bhealach ina bhféadfadh sé riachtanais alt 29 a chur i bhfeidhm i gceart.

Iarratais ar Shaoráil Faisnéise a Scoilteadh

Is eol dom ó athbhreithnithe a bhíonn le déanamh agam go mbíonn cásanna ann inar gá, ar chúiseanna riaracháin, gnéithe d'iarratas ar shaoráil faisnéise a shannadh do níos mó ná réimse feidhmiúil amháin chun críocha cinneadh a eisiúint don iarratasóir. Is é sin an cás go háirithe maidir le hiarratais ar shaoráil faisnéise chuig FSS, toisc go bhféadfadh Oifigigh Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise a bheith i bhfeighil ar roinnt réimsí feidhmiúla. I gcásanna mar sin, tá sé tábhachtach go gcoinníonn an tOifigeach

Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise an t-iarratas ar shaoráil faisnéise faoina smacht chun críocha freagraí a chomhordú agus lena chinntiú go gcloítear le teorainneacha ama srl. Níl sé inmhianaithe go n-eiseofar roinnt cinntí maidir le hiarratas ar shaoráil faisnéise ar bhealach fánóideach gan iarracht ar bith a dhéanamh chun an próiseas a shioncronú agus chun an cinneadh/na cinntí a dhéanamh chomh simplí agus is féidir don iarratasóir. Fad is a admhaím go bhféadfadh nach fadhb fhorleathan ná mhinic é seo, tá sé feicthe agam agus is cúis imní dom é, ós rud é nach dtagann ach 2% de na hiarratais uile ar shaoráil faisnéis chomh fada le m'Oifig, go bhféadfadh sé a bheith ina fhadhb mar sin féin.

Mar atoradh, ní mór dom a rá chomh maith gur thug an tAonad Lárnach Beartas, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir, ina Fhógra Uimh. 11, fiú amháin nuair atá iarratas scoilte ar chúiseanna riaracháin, gurb é €15 an uastáille tosaigh a d'fhéadfaí a ghearradh. Is amhlaidh an scéal i gcás athbhreithniú inmheánach inarb é €75 an uastáille. Arís, tá cás amháin feicthe agam ina raibh fógra san áireamh le gach ceann de na cúig 'chinneadh' ar leith maidir le hiarratas amháin ar shaoráil faisnéise go mbeadh táille €75 i gceist le hathbhreithniú inmheánach.

Molaim go láidir d'Oifigigh Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise aird chuí a thabhairt ar Fhógraí ón Aonad Lárnach Beartas go ginearálta agus iarratais ar shaoráil faisnéise a bhainistiú chomh simplí agus is féidir ó dhearcadh an tsaoránaigh de.

Cásanna réitithe

Déanaim iarracht shuntasach, mar chuid de m'athbhreithnithe, cásanna a réiteach gan ghá a bheith le cinneadh ceangailteach. I gcaitheamh na bliana, rinneadh céatadán ard (60%) de na hathbhreithnithe ar glacadh leo i m'Oifig a réiteach nó a tharraingt siar. Tá a lán cúiseanna éagsúla go ndéantar athbhreithnithe a réiteach ar deireadh. De réir thaithí m'Oifige ar réitigh a rinneadh, is cosúil go bhfuil raon suntasach ann do chomhlachtaí poiblí cur chuige níos gníomhaí a ghlacadh agus iad i mbun comhairliúcháin le hiarratasóirí chun cinneadh a dhéanamh an féidir a gcuid riachtanas a chomhlíonadh trí na difríochtaí idir an dá pháirtí a chaolú agus comhaontú a bhaint amach maidir le réiteach inghlactha.

Tharraingeoinn aird chomhlachtaí poiblí ar Fhógra Uimh. 5 ón Aonad Lárnach Beartas ina dtugtar treoir maidir le faisnéis lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise a scaoileadh (atá le fáil ar láithreán Gréasáin an Aonaid ar www.foi.gov.ie). Mar a thugtar le tuiscint san Fhógra, féadfaidh socruithe riaracháin maidir le faisnéis a scaoileadh lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise dul chun leasa an chomhlachta phoiblí agus na n-iarratasóirí araon mar feabhsaítear an mhuinín atá ag cliaint sa chomhlacht trí scaoileadh mar sin.

I gcás a bhain leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'éirigh le m'Oifig réiteach a bhaint amach gan chinneadh ceangailteach. Chuir an tUasal Mark Tighe ó *The Sunday Times* iarratas chuig an Roinn (an Roinn Airgeadais mar a bhí ag an am sin), maidir le rochtain ar thaifid a bhain leis an gclár measúnaithe ar an gcóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF). Shonraigh an tiarratasóir go raibh rochtain á lorg aige ar an méid seo a leanas:

1. Na tuarascálacha uile ar fheidhmiú agus éifeachtacht an chláir CBFF i leith;
2. Gach aighneacht a fuarthas maidir leo sin ó 2007 i leith;
3. Miondealú ar rátaí comhlíontachta 2009.

Dhiúltaigh an Roinn don iarratas faoi alt 20 (pléití comhlachtaí poiblí) agus alt 21 (feidhmeanna agus caibidlí comhlachtaí poiblí) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Chuir an t-iarratasóir iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh na Roinne chuig an Oifig seo i litir dar dáta an 5 Bealtaine 2011.

Ag céim luath san athbhreithniú, bhí sé soiléir, áit ina raibh na figiúirí beag, go bhféadfaí oifigigh áirithe a aithint de thoradh ar na tuairisceáin staitistiúla ó chomhlachtaí poiblí maidir le rátálacha CBFF arna ndámhachtain do na gráid éagsúla sna comhlachtaí faoi seach agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar an hoifigigh lena mbaineann go pearsanta. Dá réir sin, thoiligh an tiarratasóir tuairisceáin staitistiúla comhlachtaí poiblí áirithe, ina raibh miondealuithe sonracha de réir an ghráid, a eisiamh ó raon a iarratais. Coinníodh taifid ina raibh figiúirí ilchodacha ar rátálacha arna ndámhachtain de réir an ghráid le haghaidh na Státseirbhíse go ginearálta, seachas comhlachtaí poiblí ar leith, laistigh den raon áfach.

I measc na dtaifead a coinníodh laistigh den raon bhí dréachtdoiciméad straitéise maidir le forbairt mholta ar an CBFF inar tagraíodh d'aiseolas a thug Ard-Rúnaithe agus Cinn Oifigí. De réir cosúlachta, bhí an doiciméad sin agus roinnt taifead gaolmhar díolmhaithe faoi alt 20 den Acht um Shaoráil Faisnéise, ar an gcoinníoll go raibh na próisis bhreithniúcháin a bhain leo fós ar siúl. Ní cosúil go raibh na taifid eile a bhí i gceist díolmhaithe ar cheann ar bith de na forais arna n-agairt ag an Roinn. Dá bhrí sin, chuaigh m'Imscrúdaitheoir i dteagmháil leis an Roinn maidir leis an ábhar ar mhaithe le réiteach a bhaint amach.

Mar fhreagra, thoiligh an Roinn an chuid is mó de na taifid arna gclúdach san iarratas a scaoileadh. Rinne an Roinn an aighneacht ábhartha seo a leanas maidir leis na trí thaifead a bhí díolmhaithe i gcónaí dar léi: "Cuimsítear sna taifid straitéis fhoriomlán na Roinne seo chun athchóiriú a dhéanamh ar CBFF agus raon tograí mionsonraithe faoin gcaoi ina bhféadfaí dul i ngleic leis na saincheisteanna lena mbaineann. Is próiseas

leanúnach a bhfuiltear ag tabhairt faoi ar bhonn céimnithe é athchóiriú CBFF, agus áirítear leis caibidliú le ceardchumainn foirne ag Comhairle Ghinearálta Fhochoiste an CBFF." I measc na dtaifead a bhí faoi réir a scaoilte le toiliú na Roinne áfach, bhí comhthiomsú de na torthaí a fuarthas ó Ranna agus Oifigí inar léiríodh comhlíonadh CBFF le haghaidh na bliana 2009. Lena chois sin, mhol an Roinn go raibh torthaí na bliana 2010 ar fáil chomh maith agus, cé go raibh siad lasmuigh de raon an iarratais, bhí sé beartaithe aici tábla comhlíontachta a scaoileadh le haghaidh 2010 freisin dá ndéanfaí réiteach a bhaint amach. Ansin chuaigh m'Imscrúdaitheoir i dteagmháil leis an iarratasóir ar an teileafón, agus thoiligh sé leis an moladh ar réiteach sna cúinsí sin.

Breithiúnais chúirte

Thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas le linn 2011 maidir le hachomharc a rinneadh i gcoinne bhreithiúnas na hArd-Chúirte faoi chinneadh de chuid m'Oifige. Ceadaíodh an t-achomharc i gcoinne bhreithiúnas na hArd-Chúirte agus cuireadh mo chinneadh ar leataobh mar thoradh air sin. Socraíodh achomharc a rinneadh chuig an Ard-Chúirt i gcoinne cinneadh eile de mo chuid idir na páirtithe agus d'eisigh an Ard-Chúirt ordú inar cuireadh an cás ar aghaidh chugamsa lena chinneadh de réir an dlí.

Tá téacs iomlán bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí le fáil ar mo láithreán Gréasáin www.oic.gov.ie agus is é seo a leanas achoimre ar na príomhphointí sa bhreithiúnas sin, mar aon le hachoimre ar na príomhphointí sa chás a cuireadh ar ais chugam.

1. Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ospidéal an Rotunda v. an Coimisinéir Faisnéise [2011] IESC 26:

Cúlra: D'iarr bean rochtain a fháil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar son a hathar ar thaifead ar aois a seanmháthar nuair a rugadh é di in 1922. Dhiúltaigh an tOspidéal rochtain a thabhairt ar dhá thaifead – sliocht as Leabhar an Bharda Luí Seoil agus taifead ó Leabhar Lóiste an Phóirtéara – agus chuir an bhean iarratas chuig m'Oifig le haghaidh athbhreithnithe ar an gcinneadh sin. Eisíodh cinneadh m'Oifige (Cás Uimh. 050148) chun cinneadh an Ospidéil a chur ar neamhní agus scaoileadh na dtaifead a ordú an 14 Nollaig 2007.

Saincheist: Rinne an tOspidéal achomharc i gcoinne mo chinnidh chuig an Ard-Chúirt ar roinnt pointí dlí. Cé nach ndearna sé a leithéid le linn an athbhreithnithe, mhaígh sé nach raibh feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise in aon chor toisc gur raibh na taifid ann sular achtaíodh é. Mhaígh sé gur cheap m'Oifig trí earráid nach

raibh feidhm ag an gcosc ar fhaisnéis phearsanta a scaoileadh do dhaoine seachas an t-iarratasóir faoi alt 28(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise i gcúinsí an cháis seo. D'áitigh an tOspidéal go raibh aois sheanmháthair an Iarratasóra ag an am a rugadh a hathair ina faisnéis a tugadh faoi rún.

An Ard-Chúirt: Sheas an Ard-Chúirt leis an gcinneadh go bhfuil aois duine ina faisnéis phearsanta den chineál atá ar fáil don phobal trí Oifig an Ard-Chláraitheora (GRO) agus, de bhua alt 28(2)(c) den Acht um Shaoráil Faisnéise, ní bhaineann forálacha alt 28(1) leis. Chinn an Ard-Chúirt freisin go raibh an aois ina faisnéis atá ar fáil go poiblí, agus dá bhrí sin ní féidir baint a bheith idir í agus ábhair phríobháideacha nó rúnda agus mar sin, ní féidir an cháilíocht riachtanach muiníne a bheith i gceist léi is gá le haghaidh fheidhmiú na díolúine rúndachta in alt 26 den Acht um Shaoráil Faisnéise. Rinne an Ard-Chúirt achomharc an Ospidéil a dhíbhe. Rinne an tOspidéal achomharc chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne Bhreithiúnas na hArd-Chúirte.

An Chúirt Uachtarach: Thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnas tromlaigh an 19 Iúil 2011 inar sheas sí le hachomharc an Ospidéil trí thromlach ceathrar i gcoinne duine amháin. Tugtar achoimre ar phríomhghnéithe an bhreithiúnais thíos.

Chinn an Chúirt Uachtarach go bhféadfadh faisnéis a bheith ina faisnéis phearsanta má thagann sí faoi chuimsiú cheann ar bith de na haicmí atá liostaithe faoin sainmhíniú ar fhaisnéis phearsanta in alt 2 fomhíreanna (i) go (xii) den Acht um Shaoráil Faisnéise, agus nach gá don fhaisnéis ceachtar de na riachtanais uileghabhálacha i bhfomhíreanna (a) agus (b) a chomhlíonadh.

Chinn an Chúirt Uachtarach freisin go dtagann an chosaint a thugtar d'fhaisnéis a fhaightear faoi rún ag alt 26(1)(a) ó na cúinsí ina dtugtar an fhaisnéis sin seachas ó chineál na faisnéise féin. Baineann an chosaint le faisnéis arna tabhairt faoi rún ach ní gá go mbainfeadh an fhaisnéis sin le hábhair phríobháideacha nó rúnda. Chinn an Chúirt Uachtarach gur tugadh aois sheanmháthair an iarratasóra in 1922, nuair a rugadh a hathair di, don Ospidéal faoi rún agus i gcúinsí a shásaigh téarmaí fho-alt 26(1)(a). Sheas an Chúirt Uachtarach le hachomharc an Ospidéil.

2. *An tUasal X agus an Coimisinéir Faisnéise agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte* (2010 221 MCA)

Cúlra: Tar éis chinneadh ó FSS rochtain a cheadú ar thuarascálacha a bhaineann le cigireacht ar theach altranais, rinne an duine lenar bhain faisnéis sna tuarascálacha (an tUasal X) athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg ó m'Oifig. Sular eisíodh an cinneadh chun rochtain a cheadú, chuir FSS na nósanna imeachta comhairliúcháin dá bhforáiltear in alt 29 den Acht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm. Sa chinneadh a rinne m'Oifig tar éis an athbhreithnithe (Cás 090314), deimhníodh cinneadh FSS chun an rochtain arna hiarraidh a cheadú. Eisíodh an cinneadh sin ó m'Oifig an 11 Meitheamh 2010.

An Ard-Chúirt: Rinne an tUasal X achomharc i gcoinne chinneadh m'Oifige chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí agus rinne sí Ordú a lorg ina ndiúltófar rochtain ar na tuarascálacha ina n-iomláine. I measc na bhforas le haghaidh achomhairc, bhí dearbhú go ndearna m'Oifig ábhar a bhreithniú a fuarthas tar éis chur i gcrích na n-aighneachtaí a chuir an tUasal X chuig m'Oifig, toisc go raibh tagairt sa chinneadh d'ábhar a foilsíodh ar láithreáin Ghréasáin FSS agus an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. I measc na bhforas freisin bhí dearbhú go ndearna m'Oifig earráid de réir an dlí toisc nár tugadh an deis don Uasal X plé le díolúine an Achta um Shaoráil Faisnéise ar cuireadh as feidhm í de thoradh ar chinneadh chun rochtain a cheadú ar mhaithe le leas an phobail. Ghlac m'Oifig le bailíocht dhearbhuithe an Uasail X sa dlí agus, le hOrdú dar dáta 31 Bealtaine 2011, rinne an Ard-Chúirt an t-ábhar a chur ar ais chuig m'Oifig le haghaidh cinnidh de réir an dlí.

Publication: Medical Independent
Date: Thursday, December 1, 2011

Consultants claim Mercy ED is unsafe

JAMES FOGARTY

Two emergency consultants at the Mercy University Hospital Cork have said the emergency department (ED) is unsafe and should be closed at night, the *Medical Independent* can reveal.

According to documents released under the Freedom of Information Act, the Board of Governors at the hospital received emails in September 2010 from senior doctors outlining serious safety concerns about staffing levels at the ED.

Publication: Sunday Independent Business
Date: Sunday, August 14, 2011

Sunderland FC chief proposed €2bn bank fund

Irish-American billionaire met officials over plan

NICK WEBB

ELLIS Short, the Irish-American billionaire who controls Premiership football club Sunderland, proposed a plan to raise a €2bn fund for Irish banks.

Publication: Evening Herald
Date: Saturday, November 19, 2011

Killer MacArthur took legal action to win his freedom

By Charlie Hallon

KILLER Malcolm MacArthur was granted a phased release programme as new High Court proceedings over his continued detention loomed.

MacArthur was preparing to make a new submission based on documents released to him under the Freedom of Information Act, the *Herald* can reveal.

Publication: Sunday Independent Business
Date: Sunday, July 10, 2011

EPA splurges thousands on opera, yo-yos, puppets and treasure hunts

Investigation reveals green quango's waste of 'taxpayers' money since beginning of the recession

Nick Webb
EXCLUSIVE

THE taxpayer-funded Environmental Protection Agency has splurged hundreds of thousands of our euros on corporate treasure hunts, cookery courses, sponsorship of opera, oil paintings and branded wooden yoyos, a *Sunday Independent* investigation can reveal.

Since the recession began in 2008, the green quango, which is tasked with making sure that Ireland stops destroying the planet, has shovelled out taxpayer money on some goods and services that have a questionable impact on improving the environment.

Publication: Sunday Independent
Date: Sunday, July 17, 2011

Plum job at Red Cross for banker

Minister was not consulted about ex-AIB chief's €95,000-a-year role

HARRY LEECH

A SPOKESPERSON for the Department of Defence has confirmed that the Irish Red Cross did not consult with it or the then Minister for Defence over the appointment of former AIB Ireland managing director Donal Forde as general secretary of the Irish Red Cross at a salary of €95,000-a-year, most of which is paid from a government grant.

Publication: Irish Independent
Date: Monday, April 25, 2011

Hundreds of unqualified taking work off teachers

400 unskilled taught for 25pc of school year

Big numbers of graduates languish on dole

Katherine Donnelly

PRIMARY school children are being taught by hundreds of unqualified teachers, while graduates struggle to find work.

The scale of the scandal is underlined by the revelation that 400 people with no teaching qualifications worked for at least 50 days in primary schools in the current school year.

BANK FUND

SUNDERLAND FC CHIEF

PROPOSED €2BN BANK FUND

BANKER

UNQUALIFIED

HUNDREDS OF UNQUALIFIED TAKING WORK OFF TEACHERS

LEGAL ACTION

PLUM JOB AT RED CROSS FOR BANKER

UNSAFE

CONSULTANTS CLAIM MERCY ED IS UNSAFE

SPLURGES

INVESTIGATION REVEALS GREEN QUANGO'S WASTE OF TAXPAYERS' MONEY

CAIBIDIL 3

Caibidil 3: Cinntí

Cinntí foirmiúla

Chuir m'Oifig líon iomlán de 200 cás i gcrích in 2011. Cuimsítear leis an bhfigiúr sin cinntí foirmiúla, socruithe, cásanna a aistarraingíodh, cásanna neamhbhailí agus cinntí a rinneadh gan leanúint ar aghaidh le cásanna. Déanfaidh mé plé sa chaibidil seo ar an 22% de na cásanna ar leanadh ar aghaidh leo go dtí go ndearnadh cinneadh foirmiúil fúthu. Léirítear torthaí na n-athbhreithnithe ar leanadh ar aghaidh leo go dtí go ndearnadh cinneadh foirmiúil fúthu sna blianta 2008, 2009, 2010 agus 2011 sa tábla thíos.

Comparáid idir céatadán na gcinntí foirmiúla 2008-2011



Maidir leis na cásanna ar leanadh ar aghaidh leo go dtí go ndearnadh cinneadh foirmiúil fúthu, léirítear sa tábla gur chuir an Oifig líon níos lú cinntí comhlachtaí poiblí ar ceal in 2011 ná mar a chuir sa bhliain roimhe (15% in 2010 agus 7% in 2011). Is léir freisin ón gcairt gur sheas an Oifig le líon níos mó cinntí i rith 2011 (74%) ná mar a rinne in 2010 (67%).

Dírím thíos ar líon beag de na cinntí foirmiúla a eisíodh i rith 2011 chun pointí a aibhsiú ar díol spéise iad do chomhlachtaí poiblí agus dóibh siúd a bhaineann leas as saoráil faisnéise. Tá téacs iomlán na gcinntí sin le fáil ar láithreán Gréasáin m'Oifige (www.oic.gov.ie).

Cinntí suntasacha

An tUasal X agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha – Cás Uimh. 080184

Sa chás seo, d'iarr an t-iarratasóir rochtain ar bhunachar sonraí na faisnéise maidir le raon clúdaigh a úsáidtear sa léarscáil "Raon Clúdaigh Leathanbhanda agus gan Sreang". Sonraíodh san iarratas den 25 Aibreán 2008 gur cheart don fhaisnéis "a bheith reatha agus cothrom le dáta", agus ba cheart go náireofaí leis na sonraí a úsáideadh i léarscáil mhí an Mhárta 2008. I gcinntí roimhe sin ó m'Oifig, measadh go ginearálta nach gcuimseofaí ina leithéid d'iarratas ach na taifid sin a bhí cruthaithe faoin dáta a rinneadh an t-iarratas. Sa chás áirithe seo, fuair an comhlacht poiblí an tiarratas den 25 Aibreán 2008 ar an 28 Aibreán 2008. De réir na Roinne, ba dhócha go ndearnadh athruithe ar an mbunachar sonraí idir an 20 Aibreán agus dáta fála an iarratais ar an 28 Aibreán. I ndálaí dá leithéid, ní bheadh an bunachar sonraí mar a bhí ar dháta an iarratais fós ann faoin dáta a fuarthas an tiarratas. Mar gheall ar an gcás seo, rinneadh athbhreithniú ar thuiscint m'Oifige maidir le céard is an 'dáta deiridh feidhme' ann agus taifid atá ábhartha d'iarratas á meas. Dá bhrí sin, is é an dáta cuí is ceart a bheith ann ná dáta fála an iarratais.

Áiríodh le hiarratas an iarratasóra rochtain ar 'léarscáil mhí an Mhárta 2008' ach, de réir na Roinne, ní raibh aon chóip chúltaca den léarscáil ar fáil ag an am sin. Ba é tuairim an iarratasóra go bhféadfaí an léarscáil a athchruthú trí na taifid a cuireadh leis an gcóras nó a baineadh den chóras ina dhiaidh sin a shainaithint agus a chur as an áireamh nó a aischur. D'fhéadfaí a áitiú gur cheart don Roinn an bunachar sonraí a atógáil as an nua le léiriú conas a bhí sé ar an dáta ábhartha. Mar sin féin, níl mé cinnte go néilíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise go nglacfaí céimeanna dá leithéid. I gcinntí roimhe sin, léiríodh an tuiscint a bhí agam go mbaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise le taifid atá ann seachas le taifid ba cheart a bheith ann. Ní mheasaim gur féidir an tAcht um Shaoráil Faisnéise a úsáid le héileamh go ndéanfadh comhlacht poiblí iarratas taifead ar leith a thabhairt ar ais ar an bhfód trí fhaisnéis a phróiseáil nó a ionramháil, bíodh an fhaisnéis sin i mbunachar sonraí nó i dtaifid eile atá ina sheilbh aige. Ní hionann é sin ar chor ar bith agus cás inar féidir le comhlacht poiblí cóip bheacht de thaifead ar leith a shainaithint agus a asbhaint, ó chóip chúltaca mar shampla.

Sa chás áirithe seo, tuigim nach ndearna an Roinn ná an chuideachta chomhairleach a bhí bainteach i dtáirgeadh na léarscáileanna thar ceann na Roinne cóipeanna cúltaca ná aon taifead eile de na sonraí a bhí sa bhunachar sonraí ar an dáta áirithe sin. Dá bhrí sin, thug an Roinn le fios nach bhféadfaí an bunachar sonraí a athchruthú faoi mar a mhol an tiarratasóir. Mar gheall air sin, chinn mé nach raibh ann don taifead atá mar ábhar an iarratais seo a thuilleadh, agus go raibh feidhm le halt 10(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise.

An tUasal X agus an Roinn Sláinte agus Leanaí – Cás Uimh. 090315

Rinne an tUasal X iarratas go ndéanfaí athbhreithniú ar chinneadh na Roinne Sláinte agus Leanaí (an Roinn) diúltú do rochtain, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, ar thuarascálacha eatramhacha de Choimisiún Imscrúdúcháin ar an mbonn nach mbaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise le taifid dá leithéid de bhun alt 40(1) den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004.

Ba iad na taifid ar a raibh rochtain á lorg ag an Uasal X ná cúig thuarascáil eatramhacha de Choimisiún Imscrúdúcháin mar ar cuireadh ar fáil don Aire Sláinte agus Leanaí (an tAire) iad, mar aon le comhfhreagras a bhaineann le frámaí ama, cóipeanna d'aighneachtaí a cuireadh isteach, tras-scríbhinní fianaise, cóipeanna de thaifid a bhaineann le gearáin agus faisnéis chúlra eile. Chinn an Roinn rochtain a thabhairt ar roinnt taifead ina niomláine agus ar roinnt eile i bpáirt, agus diúltaíodh do rochtain ar thaifid eile lena n-áirítear tuarascálacha eatramhacha an Choimisiúin Imscrúdúcháin. Ba é ba bhun leis an gcinneadh rochtain a dhiúltú ná go raibh na taifid lasmuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise de bharr fheidhm alt 40 den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004.

Déantar foráil in alt 40(1) den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin nach mbíonn feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le *"a record relating to an investigation by a commission unless –*

(a) the record was created before the making of the order establishing the commission, or
(b) the record relates to the expenses of the commission or the appointment of persons under section 7 or 8 or other matters concerning the general administration of the commission."

Dearbhaíodh go tapa nár cruthaíodh ceann ar bith de na taifid sula ndearnadh an tordú lenar bunaíodh an Coimisiún Imscrúdúcháin; agus níor bhain na taifid le speansais ná le ceapadh ball ná cúntóirí don Choimisiún Imscrúdúcháin. Mar sin, ní raibh aon amhras ach gur bhain na taifid sin le himscrúdúchán a bhí a dhéanamh ag Coimisiún ("*relating to*

an investigation by a commission"). Dá bhrí sin, ní bheadh feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise i leith na dtaifead sin ach amháin dá mbainfidís (nó dá mbainfeadh cuid acu) le hábhair eile a bhaineann le riarachán ginearálta an Choimisiúin Imscrúdúcháin (*"other matters concerning the general administration»*).

Tar éis di dearcthaí tosaigh a fháil ó m'Oifig, bhí deacrachtaí ag an Uasal X le léirmhíniú m'Oifige ar an téarma "riarachán ginearálta". Toisc nach bhfuil an téarma *"riarachán ginearálta" ("general administration")* sainmhínithe san Acht um Shaoráil Faisnéise ná san Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, d'áitigh an tUasal X gur cheart feidhm a bheith ag rialacha an dlí choitinn agus gur cheart do m'Oifig sainmhíniú ar an téarma a lorg ó na cúirteanna.

Ghlac m'Oifig leis an áitiú gurb é éiteas an Achta um Shaoráil Faisnéise rochtain ar fhaisnéis a chumasú "a mhéid is féidir é" – mar atá leagtha amach sa teideal fada leis an Acht um Shaoráil Faisnéise – agus go ndéantar foráil in alt 34(12) go dtoimhdeofar nach raibh údar le breith diúltú géilleadh d'iarraidh mura suífidh an ceann lena mbaineann (ceann na Roinne sa chás seo), chun sástacht an Choimisinéara, go raibh údar leis an mbreith. Mar sin féin, níl éiteas an Achta um Shaoráil Faisnéise, ná an fhoráil a dhéantar in alt 34(12) den Acht um Shaoráil Faisnéise, an-ábhartha i gcás inarb é an chéad chinneadh atá le déanamh ná a chinneadh cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise leis na taifid atá á lorg i bhfianaise alt 40(1) den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin.

Is léir nach téarma sainiúil é an téarma "riarachán ginearálta" *(general administration"*). Níl fadhb ar bith ag baint leis an aidiacht "ginearálta" leis féin, agus tuigtear leis, mar atá i sainmhíniú amháin air i mBéarla: *"not specialised or limited in range of subject, application, activity, etc."* Is iomaí ciall a d'fhéadfadh a bheith leis an téarma "riarachán" áfach, lena náirítear "*próiseas nó gníomhaíocht riartha gnó, eagraíochta, srl.*" Sa chiall sin, is éard a thuigtear le "*riarachán*" ná sraith próiseas a chuireann ar eagraíocht feidhmiú agus a bunchuspóirí a bhaint amach. Mar sin féin, tá bríonna ar leith ag an téarma Béarla administration freisin i gcomhthéacs an dlí (eastát a riar), gnó (cuideachta faoi riarachán) agus an rialtais (rialtas seachas reachtas). I gcás "administration", ní thugann gnáthchiall an fhocail tuiscint shoiléir ar a raibh i gceist ag an reachtas, ó thaobh an dlí le.

Tá an méid seo a leanas le fáil ar leathanach 4 in *Administrative Law in Ireland* (Ceathrú hEagrán) le Hogan agus Morgan:

"Administration is one of those awkward words which takes its meaning from the word to which it is opposed, i.e. in this Part, to "policy". Unfortunately for clarity, it can also be used in other senses as when it is opposed to legislation or when an administrative decision is contrasted with a quasi-judicial decision...."

D'fhonn an chiall atá ag "riarachán ginearálta" a chinneadh i gcomhthéacs an Achta um Choimisiúin Imscrúdúcháin, mheas mé go raibh sé úsáideach an téarma nó an próiseas eile lena bhfuil sé beartaithe a bheith i gcomhaisnéis a shainaithint. Faoin gcur chuige sin, is léir go bhfuil sé beartaithe go dtuigfí an téarma "riarachán ginearálta" i gcomhaisnéis na hoibre imscrúdúcháin suntasaí arna déanamh ag an gcoimisiún áirithe. Ag féachaint ar an Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin ina iomláine, is léir go raibh sé beartaithe ag an reachtas go mbeadh leibhéal ard rúndachta i bhfeidhm ar bhailiú agus ar mheasúnú fianaise, agus ar phróisis smaointeoireachta Choimisiúin Imscrúdúcháin go ginearálta. Faoin gcur chuige seo, ní chuimsíonn an téarma "riarachán ginearálta" aon rud a nochtfadh sonraí ar bhailiú agus ar mheasúnú fianaise nó ar phróisis smaointeoireachta an Choimisiúin Imscrúdúcháin go ginearálta. Ina theannta sin faoin gcur chuige seo, bheadh aon nochtadh ar an gcaoi a ndéanann Coimisiún Imscrúdúcháin a chuid oibre (i dtéarmaí na bailithe fianaise, measúnaithe, agus próisis smaointeoireachta go ginearálta) le fáil sa tuarascáil deiridh, agus ní mór don "Aire sonraithe" an tuarascáil sin a fhoilsiú (faoi réir roinnt forálacha teoranta). Dá bhrí sin, i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo, mheas mé go gcuimsíonn an téarma "riarachán ginearálta" nithe a bhaineann le cóireáil, soláthar áiseanna, soláthar áiseanna, speansais, cuntasaíocht agus gnéithe praiticiúla eile a bhaineann le conas a dhéanann Coimisiún Imscrúdúcháin a chuid oibre, ach ní chuimsíonn an téarma aon rud a nochtfadh sonraí ar bhailiú agus ar mheasúnú fianaise nó ar phróisis smaointeoireachta an Choimisiúin Imscrúdúcháin.

Ar an mbonn sin, agus toisc nach raibh sé indéanta féachaint ar leaganacha i bhfoirm eagraithe a ullmhú de líon beag doiciméad óna bhféadfaí faisnéis ar obair shuntasach an Choimisiúin Imscrúdúcháin a chur as an áireamh, chinn mé nach raibh feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise i leith na dtaifead toisc go raibh feidhm ag alt 40(1) den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin ina leith. De bhrí gur chinn mé nach raibh feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise ar na taifid, ní raibh aon bhonn le féachaint ar ábharthacht aon díolúintí den Acht. D'eisigh mé mo chinneadh dá réir sin.

An tUasal A agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) – Cás Uimh. 100151

Sa chás seo, tháinig an tiarratas isteach ó aturnaetha ar son a gcliaint a bhí ag lorg taifid liachta a mhná nach maireann. Dhiúltaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don rochtain ar na taifid ar bhonn alt 28 den Acht um Shaoráil Faisnéise. Déantar foráil in alt 28(6)(b) den Acht go bhféadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir le rochtain aicmí áirithe iarrthóirí ar thaifid daoine atá marbh. Rinne an tAire na rialacháin ábhartha (I.R. Uimh. 387 de 2009) an 23 Meán Fómhair 2009, agus tagann siad in ionad na rialachán a bhí i bhfeidhm roimhe sin (I.R. Uimh. 47 de 1999). Dhiúltaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don rochtain ar na taifid.

Atreoraíodh an bhean chuig na seirbhísí meabhairshláinte sula bhfuair sí bás, agus ba é a bhí sna taifid a bhí a lorg ná 16 leathanach a cruthaíodh sa tréimhse tar éis mhí Iúil 2008. Ag an am sin, shonraigh an bhean mharbh a stádas pósta mar 'scartha' agus d'ainmnigh sí duine teagmhála nárbh é a fear céile é. Breacadh síos cúlra agus stádas teaghlaigh an othair sna taifid, mar aon le cuntas uaithi ar thaithí agus ar bhraistintí. Bhí faisnéis íogair a thug sí don dochtúir i gcodanna áirithe de na taifid. Cuimsíodh tuairimí an dochtúra mar aon le sonraí ar chógas sna nótaí freisin.

Tugadh isteach tástáil maidir le leas an phobail le Rialacháin 2009, agus déantar foráil iontu gur cheart aird chuí a thabhairt ar na dálaí ar fad agus ar aon treoirlínte ábhartha atá foilsithe ag an Aire. I gcás taifead liachta, sonraítear sna Nótaí Treorach gur cheart aird chuí a thabhairt ar rúndacht taifead liachta de réir Threoir maidir le hIompar agus le hIompraíocht Eiticiúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Agus aird chuí á tabhairt ar inneachar na dtaifead, ar na dálaí ar fad agus ar na treoirlínte ábhartha atá foilsithe ag an Aire, chinn mé, tar éis na nithe thuasluaite a mheas, nach rachadh sé chun leas an phobail dá gceadófaí an tiarratas seo. Sheas mé le cinneadh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus tá mo chinnidh sa chás seo diúltú do rochtain ar na taifid á achomharc chuig an Ard-Chúirt. Tá bac curtha ar imeachta na hArd-Chúirte tráth an fhoilsithe go dtí go bhfaighfear toradh ar imeachtaí an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscain an tUasal A ar vires rialacháin 2009.

Sunday Times agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Cás Uimh. 100263

D'eisigh mé cinneadh le linn 2011 maidir le uiríll a rinne ionadaithe polaitiúla leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar son dlíodóirí ar theastaigh uathu go gceapfaí mar bhreithiúna iad. Bhí rochtain á lorg ag an iarratasóir, iriseoir leis an Sunday Times, ar thaifid gach uiríoll a rinneadh leis an Roinn maidir le ceapacháin bhreithiúnacha roimh Iúil 2010.

Mhaígh an Roinn go raibh faisnéis phearsanta sna taifid agus diúltaíodh rochtain orthu ar bhonn alt 28(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Tar éis comhairliúcháin idir m'Oifig agus an tiarratasóir, thángthas ar chomhréiteach gan a chur san áireamh leis an iarratas ach na huiríll ar fad a rinneadh ar son dlíodóirí ar ceapadh iad ina dhiaidh sin mar bhreithiúna. Dá bhrí sin, ní raibh i gceist leis an iarratas ach sé thaifead ar uiríll pholaitiúla.

Dar leis an Roinn, ní rachadh sé chun leas an phobail dá scaoilfí na taifid, agus d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do leas níos forleithne an phobail. Shonraigh an Roinn *'go bhféadfaí mífhaisnéis a dhéanamh ar na taifid sin agus drochúsáid a bhaint astu, lasmuigh den chomhthéacs, chun an bonn a bhaint den oifig bhreithiúnach agus d'fheidhmeanna breithiúnacha na mbreithiúna ar leith atá i gceist agus an chomhlachta bhreithiúnaigh níos leithne'.*

Sa chinneadh a d'eisigh mé, thug mé le fios go bhfreastalaítear ar leas an phobail nuair a bhíonn próiseas ceapacháin na mbreithiúna a trédhearcaí is féidir. Ní hamháin go níoctar tuarastal breithiúna ó chistí poiblí ach, níos tábhachtaí fós b'fhéidir, tugtar cumhachtaí neamhspleácha agus fairsinge dóibh ar son an phobail. Chinn mé gur cheart ainmneacha an tseisir breithiúna i gceist a scaoileadh (ach ní a seoladh baile a eisiúint) ar mhaithe le leas an phobail.

Daily Irish Mail

Date 30 December 2011

Unpopular medicine levy raises €25m

By **Petrina Vousden**
Health Editor

THE controversial 50cent prescription charge raised more than €25million in fees from medical card-holders in the first 11 months of the year.

Figures obtained under the Freedom of Information Act show the fee raised as much as €2.4million in October.

Publication: Sunday Independent
Date: Sunday, January 2, 2011

Senators claim €2.1m expenses in a single year

Despite Lenihan's attempt to cut costs, new figures show the Seanad gravy train rolls on as 10 members get nearly €500,000

DANIEL McCONNELL
CHIEF REPORTER

SENATORS claimed more than €2m in expenses — on top of their salaries — in just 12 months. This is in spite of a major overhaul in the way they are paid that was designed to cut costs, the *Sunday Independent* can reveal.

Revealed: How almost 100 pharmacists make more than €275k a year

By **Terence Cosgrave**

ONE in five self-employed pharmacists earns more than €200,000 a year – despite the complaints by their union about reduced HSE payments and lost jobs in the sector.

The figures, from the Revenue Commissioners, also show that the average wage among the top 13% of earners was almost €500,000 each that year.

The high earnings support recent comments by members of the bail-out Troika.

The Irish Mail

Date 18 December 2011

Broadcaster's employees rewarded with tickets to €40k-a-year section

RTÉ uses Croke Park box as 'bonus' for staff

By **Warren Swords**

ALMOST 1,500 tickets for the RTE corporate box at Croke Park have been handed out internally, with some used as part of an apparent bonus scheme for those who have worked 'over and above their normal course of duty'.

UNPOPULAR

UNPOPULAR MEDICINE

LEVY RAISES €25M

BONUS

RTE USES CROKE PARK BOX AS 'BONUS' FOR STAFF

EXPENSES

REVEALED: HOW ALMOST 100 PHARMACISTS MAKE MORE THAN €275K A YEAR

REVEALED

SENATORS CLAIM MORE THAN €2M IN EXPENSES IN A SINGLE YEAR

CLAIM

CAIBIDIL 4

Caibidil 4: Staitisticí

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2011

Tábla 1: Forbhreathnú ar iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo
Tábla 2: Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo agus a rinneadh a achomharc ina dhiaidh sin
Tábla 3: Iarratais saorála faisnéise a fuarthas, anailís de réir chineál iarratasóra
Tábla 4: Forbhreathnú ar iarratais ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo
Tábla 5: Anailís ar iarratais ar dhéileáil earnáil na seirbhíse poiblí leo
Tábla 6: Iarratais shaorála faisnéise a fuair ranna/oifigí na státseirbhíse
Tábla 7: Iarratais saorála faisnéise a fuair údaráis áitiúla
Tábla 8: Iarratais saorála faisnéise a fuair feidhmeannacht na seirbhíse sláinte (FSS)
Tábla 9: Iarratais saorála faisnéise a fuair ospidéil shaorálacha, seirbhísí sláinte meabhrach agus gníomhaireachtaí gaolmhara eile
Tábla 10: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí oideachais tríú leibhéal
Tábla 11: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí eile
Tábla 12: Táillí ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

(Tugtar d'Aire: Figiúirí do na tablaí thuas arna soláthar ag Líonra Úsáideoirí na Státseirbhíse, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Grúpa Idirchaidrimh Saorála Faisnéise na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Saorálacha, an Grúpa Idirchaidrimh don Earnáil Ard-Oideachais agus arna dtiomsú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise).

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2011

Tábla 13: Anailís ar iarratais ar athbhreithnithe a fuarthas
Tábla 14: Anailís ar chásanna athbhreithnithe
Tábla 15: Iarratais ar athbhreithnithe ar glacadh leo i 2011
Tábla 16: Toradh athbhreithnithe críochnaithe - comparáid trí bliana
Tábla 17: Ábhar na niarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo – comparáid trí bliana
Tábla 18: Iarratais ar glacadh leo de réir cineáil - comparáid trí bliana
Tábla 19: Gnathfhiosruithe
Tábla 20: Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra orthu

Roinn 1 - Comhlachtaí Poiblí - 2011

Tábla 1: Forbhreathnú ar iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

Iarratais idir lámha - 01/01/2011	**2,334**
Iarratais a fuarthas i 2011	
Pearsanta	12,581
Neamhphearsanta	3,857
Measctha	79
Iomlán	**16,517**
Iomlán na n-iarratas idir lámha le linn na bliana	18,851
Iarratais ar déileáladh leo	16,472
Iarratais idir lámha - 31/12/2011	**2,379**

Tábla 2: Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo agus a rinneadh a achomharc ina dhiaidh sin

	Líon	Céatadán
Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil	16,472	100%
Comhlachtaí poiblí leo athbhreithnithe inmheánacha	589	4%
a fuair comhlachtaí poiblí Iarratais ar ghlac an Coimisinéir leo	174	1%

Tábla 3: Iarratais saorála faisnéise a fuarthas, anailís de réir chineál iarratasóra

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iriseoirí	1,737	10%
Lucht gnó	903	5%
Comhaltaí den Oireachtas	52	1%
Baill foirne comhlachtaí poiblí	356	2%
Cliaint foirne comhlachtaí poiblí	10,876	66%
Eile	2,593	16%
Iomlán	**16,517**	**100%**

Tábla 4: Forbhreathnú ar iarratais ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iarratais a géilleadh dóibh	9,631	58%
Iarratais a géilleadh dóibh i bpáirt	3,224	20%
Iarratais a diúltaíodh dóibh	1,744	11%
Iarratais a aistríodh chuig an gcomhlacht cuí	212	1%
Iarratais a tarraingíodh siar nó a láimhseáileadh lasmuigh de shaoráil faisnéise	1,661	10%
Iomlán	**16,472**	**100%**

Tábla 5: Anailís ar iarratais ar dhéileáil earnáil na seirbhíse poiblí leo

	% Céat-adán dár gé-illeadh	% Céat-adán dár gé-illeadh ibpáirt	% Céat-adán a diúl-taíodh	% Céat-adán a ais-ríodh	% Céatadán a tar-raingíodh siar nó a láimh-síodh lasmuigh de raon an Achta	% Iomlán
Ranna/Oifigí Státseirbhíse	37	29	16	2	16	100
Údaráis Áitiúla	50	27	15	1	7	100
FSS	70	15	8	1	6	100
Ospidéil Shaoráacha, Seirbhísí Sláinte Meabhracha agus Gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile	77	5	6	2	10	100
Institiúdí Tríú Leibhéal	40	34	11	3	12	100
Comhlachtaí Eile	55	23	11	1	10	100

Tábla 6: Iarratais shaorála faisnéise a fuair ranna/oifigí na státseirbhíse

Rannóg/Oifig na Státseibhíse	Pear-santa	Neamh-phear-santa	Measctha	Iomlán
An Roinn Oideachais agus Scileanna	1,028	140	2	1,170
An Roinn Coimirce Sóisialaí	1,066	39	1	1,106
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	492	105	0	597
An Roinn Airgeadais	26	232	0	258
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	134	98	0	232
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	117	108	0	225
An Roinn Sláinte	15	135	0	150
Na Fórsaí Cosanta	95	21	4	120
An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil	16	84	0	100
Roinn an Taoiseach	3	95	0	98
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	9	77	0	86
Seirbhís Tithe an Oireachtais	1	71	0	72
An Roinn Post, Fiontar, agus Nuálaíochta	21	49	0	70
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	6	62	0	68
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Achmhainní Nádúrtha	2	52	0	54
An Roinn Cosanta	13	26	1	40
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	1	26	0	27
Oifig na nOibreacha Poiblí	0	25	1	26
Oifig an Choimisinéara Faisnéise	9	7	2	18
An Phríomh-Oifig Staidrimh	13	3	0	16
Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí	6	5	0	11
An tSeirbhís um Ceapacháin Phoiblí	6	2	3	11

Oifig an Ombudsman	10	0	0	10
Oifig an Árd-Aighne	1	5	0	6
Suirbhéaracht Ordanáis Éireann	0	6	0	6
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Oigé	1	5	0	6
Oifig na Coimisinéirí Achomharc do na hAchtanna Cánach	2	3	0	5
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	0	4	0	4
Oifig Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corporáideach	0	3	0	3
Oifig Luachála	0	0	2	2
Oifig an Árd-Reachtaire Cúnta agus Ciste	0	2	0	2
Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann	0	0	0	0
Iomlán	**3,093**	**1,490**	**16**	**4,599**

Tábla 7: Iarratais saorála faisnéise a fuair údaráis áitiúla

Údaráis Áitiúl*	Pear-santa	Neamh-phear-santa	Measctha	Iomlán
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	161	96	3	260
Comhairle Chontae Chorcaí	10	84	0	94
Comhairle Chontae an Chláir	25	48	3	76
Comhairle Chontae Fhine Gall	33	34	0	67
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	20	41	0	61
Comhairle Chontae Lú	23	32	5	60
Comhairle Chontae na Gaillimhe	1	55	0	56
Comhairle Cathrach Chorcaí	21	34	0	55
Comhairle Chontae Dhún na Gall	11	40	0	51
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin	23	24	0	47
Comhairle Chontae Chiarraí	7	27	10	44
Comhairle Chontae Mhuigh Eó	6	37	0	43

Comhairle Cathrach na Gaillimhe	13	27	0	40
Comhairle Chontae na Mí	21	16	0	37
Comhairle Cathrach Luimní	5	32	0	37
Comhairle Chontae Chill Dara	9	23	0	32
Comhairle Chontae Sligeach	9	23	0	32
Comhairle Chontae Luimní	2	26	2	30
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	12	18	0	30
Comhairle Chontae Laoise	13	13	0	26
Comhairle Chontae Liatroma	9	16	0	25
Comhairle Chontae Ros Comáin	3	20	2	25
Comhairle Chontae Longfoirt	7	15	0	22
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Theas	6	16	0	22
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh	1	19	0	20
Comhairle Chontae Loch Garman	1	18	1	20
Comhairle Cathrach Phort Láirge	7	12	0	19
Comhairle Chontae an Chabháin	4	14	0	18
Comhairle Chontae Cheatharlocha	3	14	0	17
Comhairle Chontae Mhuineacháin	0	17	0	17
Comhairle Chontae na h-Iarmhí	1	15	0	16
Comhairle Chontae Chill Chainnigh	3	9	0	12
Comhairle Chontae Uibh Fhailí	3	6	1	10
Comhairle Chontae Phort Láirge	5	5	0	10
Iomlán	**478**	**926**	**27**	**1,431**
Údaráis Réigiúnda	0	3	0	3
Comhthionóil Réigiúnda	0	2	0	2

* Tá figiúirí le haghaidh Comhairlí Baile agus Comhairlí Buirge istigh sna figiúirí den Chontae sin

Tábla 8: Iarratais saorála faisnéise a fuair feidhmeannacht na seirbhíse sláinte (FSS)

Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*	Pear-santa	Neamh-phear-santa	Measctha	Iomlán
FSS Iarthair	2,136	67	1	2,204
FSS Deisceart	2,114	36	3	2,153
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	831	40	0	871
FSS Baile Átha Cliath, Lár Laighean	669	21	0	690
Iarrataí Náisiúnta	5	218	0	223
Iomlán	**5,755**	**382**	**4**	**6,141**

* De réir struchtúr réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tábla 9: Iarratais saorála faisnéise a fuair ospidéil shaorálacha, seirbhísí sláinte meabhrach agus gníomhaireachtaí gaolmhara eile

Ospidéal/Seirbhís/ Gnlomhaireacht	Pear-santa	Neamh-phear-santa	Measctha	Iomlán
Ospidéal na hOllscoile na Trócaire, Corcaigh	502	4	0	506
Ospidéal Naoimh Shéamais	389	15	0	404
Ospidéal Mater Misericordiae	264	15	0	279
Ospidéal Thamhlachta (Ospidéal Adelaide agus na Mí ag ionchorpú an Ospidéal Náisiúnta Leanaí)	220	11	0	231
Ospidéal an Rotunda	192	24	1	217
Ospidéal Beaumont	135	21	0	156
Ospidéal na hOllscoile Naoimh Uinseann	128	11	0	139
Ollscoil Ospidéal Otharlann an Deiscirt - Ospidéal Victoria, Corcaigh	124	8	0	132
Ospidéal Ollscoilaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill	109	8	0	117
Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn	105	9	0	114

Ospidéal Maithreachas an Chúm	99	11	0	110
Ospidéal Naoimh Eoin, Luimneach	102	1	0	103
Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles	93	6	2	101
Ospidéal Ríoga Victoria Súil agus Cluas	41	0	0	41
Ospidéal Náisiúnta Athslánúcháin, Dún Laoghaire	26	2	1	29
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte	9	16	0	25
Coimisiún Meabhair-Shláinte	16	7	0	23
Ord Spidiléirí N. Eoin Dé	22	0	0	22
Eile	93	45	4	142
Iomlán	**2,669**	**214**	**8**	**2,891**

Tábla 10: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí oideachais tríú leibhéal

Comhlacht Oideachais Tríú Leibhéal	Pear-santa	Neamh-phear-santa	Measctha	Iomlán
Institiúid Teichneolaíochta Phort Láirge	8	82	0	90
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	24	24	0	48
Institiúid Teichneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	22	5	1	28
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	5	21	2	28
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	10	17	0	27
Coláiste na Trionóide	5	17	0	22
Ollscoil Luimnigh	4	12	1	17
Institiúid Teichneolaíochta Bhaile Átha Cliath	8	9	0	17
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	5	8	1	14
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	2	11	0	13

Institiúid Teichneolaíochta Cheatharlach	0	12	0	12
Eile	13	102	1	116
Iomlán	**106**	**320**	**6**	**432**

Tábla 11: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí eile

Comhlacht Poiblí	Pear-santa	Neamh-phear-santa	Measctha	Iomlán
Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh	176	2	0	178
RTÉ	10	77	0	87
Príomh-Oifigeach Míochaine don Státseirbhís	36	0	0	36
Údarás Slainte agus Sabáilteachta	0	33	1	34
Coimisiún Rialáil Cumarsáide	14	5	4	23
Comhairle Ealaíon	9	11	0	20
Údarás um Bóithre Náisiúnta	0	19	0	19
Seirbhís Phromhaidh	16	2	0	18
Fáilte Éireann	0	18	0	18
Bord um Chúnamh Dlíthiúl	14	3	0	17
Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	11	4	0	15
Comhairle Spóirt na hÉireann	0	14	1	15
GFT Éireann	0	13	0	13
An tSeirbhís Chúirteanna	1	12	0	13
Údarás Náisiúnta Iompair	2	10	0	12
Iascach Intíre Éireann	3	8	0	11
Pobal	1	10	0	11
Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	1	9	0	10
Seirbhís Fuilaistriúchain na hÉireann	7	3	0	10
Údarás Craolacháin na hÉireann	1	8	0	9
Fiontraíocht Éireann	4	4	1	9
An Bord Pleanála	1	8	0	9

Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	0	9	0	9
Gníomhaireacht um Fháil Iarnród	0	8	0	8
Teagasc	5	2	0	7
Fuinneamh Inmharthana Éireann	1	6	0	7
Forbairt na Sionna	1	6	0	7
Bord Leigheasra na hÉireann	1	6	0	7
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí	3	3	0	6
Bord Iascaigh Mhara	0	5	0	5
Foras na Mara	2	3	0	5
Bord na gCon	0	5	0	5
Rásaíocht Capall Éireann	0	5	0	5
Gailearaí Naisiúnta na hÉireann	1	3	1	5
Údarás na Gaeltachta	0	5	0	5
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	2	2	1	5
Campas Náisiúnta Spóirt Údarás Forbartha	0	5	0	5
Eile (121 chomhlacht le níos lú ná 5 iarrataisí an ceann)	31	166	5	202
Iomlán	**354**	**512**	**14**	**880**

Tábla 12: Táillí ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

	Iarratas Bunúsach €	Cuardach & Aisfháil €	Athbhreitnú Inmheanach €	Ais íocaíochtaí €	Taillí Glan €
Ranna/Oifigí Státseirbhíse	26,780	19,426	5,479	2,418	49,267
Údaráis Áitiúla	13,362	4,922	4,600	203	22,680
FSS	5,115	990	1,000	1,350	5,756
Ospidéil Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhracha agus gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile	2,920	2,059	250	47	5,182

Institiúidí Tríú Leibhéal	3,080	1,224	400	165	4,539
Comhlachtaí Eile	15	0	0	0	15
Iomlán	**51,272**	**28,621**	**11,729**	**4,183**	**87,439**

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2011

Tábla 13: Anailís ar iarratais ar athbhreithnithe a fuarthas

Iarratais ar athbhreithniú idir lámha - 01/01/2011	25
Iarratais ar athbhreithniú a fuarthas i 2011	245
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú idir lámha i 2011	**270**
Scoradh den iarratas	6
Iarratais neamhbhailí	53
Iarratais a tharraingíodh siar	14
Iarratais a dhiúltóidh	2
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2011	174
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú a bhreithníodh i 2011	**249**
Iarratais ar athbhreithniú lámha - 31/12/2011	**21**

Tábla 14: Anailís ar chásanna athbhreithnithe

Athbhreithnithe idir lámha - 01/01/2011	192
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2011	174
Iomlán na n-athbhreithnithe idir lámha i 2011	**366**
Athbhreithnithe a críochnaíodh i 2011	200
Athbhreithnithe ar chuirthear ar aghaidh go 2012	**166**

Tábla 15: Iarratais ar athbhreithnithe ar glacadh leo i 2011

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		58
FSS Iarrataisí Náisiúnta	26	
FSS Deisceart	10	
FSS Iarthair	10	
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	7	
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	5	
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais		15
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath		9
An Roinn Airgeadais		6
An Roinn Coimirce Sóilialaí		5
RTÉ		5
Eile (chomhlacht le níos lú ná 5 athbhreithniú an ceann)		76
Iomlán		**174**

Tábla 16: Toradh athbhreithnithe críochnaithe - comparáid trí bliana

	2011	%	2010	%	2009	%
Breith Dearbhaithe	32	16	66	29	75	32
Breith Neamhnithe	3	2	15	7	6	2
Breith Athraithe	8	4	18	8	16	7
Scoradh den Iarratas	35	17	2	1	5	2
Neamhbhailí	3	2	3	1	0	0
Thangthas ar shocrú	49	25	63	28	49	21
Tarraingthe siar	70	34	61	26	84	36
Athbhreithnithe Críochnaithe	200	100	228	100	235	100

Tábla 17: Ábhar na niarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo – comparáid trí bliana

	2011	%	2010	%	2009	%
Diúltú Rochtanna	157	90	197	89	201	83
Agóídí ag tríú pairtithe i gcoinne scaoilte faisnéise fúthu nó arna soláthar acu	6	3	8	4	17	7
Leasú ar thaifid faoi alt 17	5	3	5	2	7	3
Ráiteas cúiseanna faoi alt 18	5	3	9	4	11	5
Breith chun táille a ghearradh	1	1	1	1	6	2
Iarratais ar Glacadh leo	174	100	220	100	242	100

Tábla 18: Iarratais ar glacadh leo de réir cineáil - comparáid trí bliana

	2011	%	2010	%	2009	%
Pearsanta	61	35	45	20	63	26
Neamhphearsanta	86	49	136	62	123	51
Measctha	27	16	39	18	56	23
Iomlán	174	100	220	100	242	100

Tábla 19: Gnathfhiosruithe

Bliain	Líon
2011	824
2010	622
2009	857
2008	1,100
2007	1,315
2006	1,551
2005	1,396
2004	1,306
2003	1,090
2002	1,047
Iomlán	**11,108**

Tábla 20: Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra orthu

	Gan Breith tughta ar Bhuniarratais ná ar Athbhreithniú Inmheánach		
Comhlacht Poiblí	**2011**	**2010**	**2009**
FSS Náisiúnta	9	5	1
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	7	4	3
An Roinn Airgeadais	4	1	1
FSS Deisceart	3	6	4
FSS Iarthair	1	2	3
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	1	1	-
An Roinn Sláinte	1	-	-
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	1	-	-
Iomlán 2011	**27**		

LANDSCAPE SAFETY DIVERSITY
EMISSIONS PROTECTION WASTE
LEGISLATION RADIATION REGULATING DIRECTIVE
RESPONSIBILITY CULTURAL SITES
ENERGY
HEALTH

CUID A DÓ

CHOIMISINÉARA UM FAISNÉISE COMHSHAOIL

CAIBIDIL 1

Oifig an Choimisinéara um Faisnéise Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information

Caibidil 1: Réamhrá

Tá an córas um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol bunaithe ar *Directive 2003/4/EC.* Tá sé mar fhoráil lárnach sa treoir ceart rochtana a bhunú ar fhaisnéis comhshaoil atá i seilbh na n-údarás poiblí. Rinneadh an treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) 2007 (I.R. Uimh. 133 de 2007), a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2007. I mí na Nollag 2011, rinneadh na Rialacháin a leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) (Leasú) 2011 (I.R. Uimh. 662 de 2011).

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil faoi Airteagal 12 de na Rialacháin. Rinneadh sealbhóir na hoifige, an Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil, díomsa ós rud é go sanntar an post sin faoi Airteagal 12(2) don duine atá i seilbh Oifig an Choimisinéara Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Is é an ról atá agam mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil, atá sa bhreis, agus neamhspleách ó thaobh dlí de, ar na róil atá agam mar Ombudsman agus mar Choimisinéir Faisnéise, athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí arna ndéanamh ag údaráis phoiblí ar achomharc ó dhaoine den phobal nach bhfuil sásta le toradh a niarratais ar fhaisnéis comhshaoil. Tá na cinntí a dhéanaim ar achomharc ceangailteach agus críochnaitheach ar na páirtithe atá i gceist, mura ndéantar achomharc eile chuig an Ard-Chúirt taobh istigh de dhá mhí den chinneadh.

Céard is faisnéis comhshaoil ann?

Tá sainmhíniú leathan ar "faisnéis comhshaoil" sa Treoir agus sna Rialacháin. Cuimsítear ann faisnéis *"in written, visual, aural, electronic or any other material form"* maidir leis na sé chatagóir seo a leanas:

- staid na ngnéithe sa chomhshaol (mar shampla aer, uisce, ithir talamh, tírdhreach, éagsúlacht bhitheolaíoch),
- fachtóirí a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, do ghnéithe an

comhshaoil (mar shampla fuinneamh, torann, radaíocht, dramhaíl, astaíochtaí),
- bearta (mar shampla beartais, reachtaíocht, pleananna, cláir, comhaontuithe comhshaoil) agus gníomhaíochtaí a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, do na gnéithe agus na fachtóirí dá dtagraítear thuas mar aon le bearta nó gníomhaíochtaí atá deartha chun na gnéithe sin a chosaint,
- tuarascálacha maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta comhshaoil,
- anailís costais is tairbhe agus anailísí agus toimhdí eacnamaíocha eile a úsáidtear laistigh de chreat na mbeart agus na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear thuas, agus
- staid sláinte agus sábháilteachta an duine, dálaí de shaol an duine, suíomhanna cultúrtha agus struchtúir thógtha sa mhéid is atá tionchar, nó a d'fhéadfadh tionchar a bheith, ag riocht de ghnéithe an chomhshaoil orthu.

Céard is údarás poiblí ann?

Ní ordaítear liosta d'údaráis phoiblí aonair atá faoi réir an chórais um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol, faoi mar a dhéantar sa reachtaíocht maidir le saoráil faisnéise. Mar mhalairt air sin, tugtar sainmhíniú leathan sna Rialacháin ar an téarma "údarás poiblí" *("public authority")* lena gcuimsítear iad seo a leanas –

- rialtas nó riarachán poiblí eile (lena n-áirítear comhlachtaí comhairleacha poiblí) ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil,
- duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar bith atá i mbun feidhmeanna riaracháin phoiblí faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear feidhmeanna a bhaineann leis an gcomhshaol, agus
- aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar a bhfuil freagrachtaí nó feidhmeanna riaracháin phoiblí, nó a sholáthraíonn seirbhísí poiblí, maidir leis an gcomhshaol faoi smacht comhlachta nó duine a chuimsítear faoi cheann den chéad dá chatagóir.

Sonraítear sa sainmhíniú sna Rialacháin go gcuimsítear cineálacha áirithe aonáin freisin. Ceanglaítear ar an Aire sna Rialacháin, arna leasú, a chinntiú go bhfuil liosta táscach d'údaráis phoiblí ar fáil don phobal i bhfoirm leictreonach *("ensure that an indicative list of public authorities is publicly available in electronic format").*

I gcás ina bhfuil easaontas ann maidir le comhlacht a bheith ina údarás poiblí nó gan a bheith ina údarás poiblí, tá sé de cheart ag an duine atá ag déanamh an iarratais achomharc a dhéanamh chuig m'Oifig. D'eisigh mé dhá chinneadh in 2011 a bhain le raon an tsainmhínithe maidir le húdarás poiblí agus tugtar achoimre ar na cinntí sin i gCaibidil 2.

Rochtain ar fhaisnéis comhshaoil a éascú

Tá ionchas i scéim na Treorach agus na Rialachán go gceadófar iarratais ar fhaisnéis comhshaoil de ghnáth. D'fhonn rochtain ar fhaisnéis comhshaoil a éascú, éilítear sna Rialacháin ar údaráis phoiblí an pobal a chur ar an eolas maidir lena gcearta agus faisnéis agus treoir a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm na gceart sin. Éilítear freisin ar údaráis phoiblí gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun faisnéis comhshaoil atá ina seilbh, nó i seilbh pháirtí eile thar ceann an údaráis, a chothabháil ar bhealach atá in-atáirgthe agus inrochtana go furasta le teicneolaíocht faisnéise nó ar mhodh leictreonach eile *("make all reasonable efforts to maintain environmental information held by or for it in a manner that is readily reproducible and accessible by information technology or by other electronic means".)*

Tá ceanglais de bhreis ar údaráis phoiblí tugtha isteach sna Rialacháin arna Leasú d'fhonn cloí le hoibleagáidí áirithe faoin treoir. Ní mór d'údaráis phoiblí anois a chinntiú maidir le faisnéis comhshaoil arna tiomsú acu nó dóibh go bhfuil sé chun dáta, cruinn agus inchomparáide *("ensure that environmental information compiled by or for it, is up-to-date, accurate and comparable")* Ní mór d'údaráis phoiblí cláir nó liostaí den fhaisnéis comhshaoil atá i seilbh an údaráis a choinneáil agus oifigeach faisnéise a cheapadh chun na cuspóirí sin nó pointe faisnéise a sholáthar chun treoracha soiléire a thabhairt maidir leis an áit a bhfuil faisnéis den chineál sin ar fáil *("maintain registers or lists of the environmental information held by the authority and designate an information officer for such purposes or provide an information point to give clear indications of where such information can be found").* I gcomhréir le hAirteagal 7(4) den Treoir, éilítear ar údarás poiblí, i gcás ina bhfuil baol do shláinte an duine nó don chomhshaol ag bagairt, a chinntiú go ndéantar gach faisnéis atá ina sheilbh nó i seilbh pháirtí eile thar ceann an údaráis a chuirfeadh ar chumas an phobail ar a mbeidh tionchar ag an mbaol sin bearta a chur i bhfeidhm chun baol a sheachaint nó a mhaolú *("ensure that all information held by or for it, which could enable the public likely to be affected to take measures to prevent or mitigate harm, is disseminated immediately and without delay").*

Táillí

Faoin gcóras um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol, níl aon táille tosaigh i gceist chun iarratas a dhéanamh nó chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú seachtrach ar chinneadh iarratas a dhiúltú. Go ginearálta, áfach, ní mór táille €150 a ghearradh ar achomharc a dhéantar chuig m'Oifigse. Tá táille laghdaithe €50 i gceist i leith achomhairc chuig m'Oifig ó shealbhóir cárta leighis, ó chleithiúnaí atá ag sealbhóir cárta leighis, nó ó thríú páirtí iomchuí. Déantar foráil anois sna Rialacháin, arna leasú, gur féidir liom an táille achomhairc iomlán nó cuid den táille sin a tharscaoileadh i gcás ina raibh an cinneadh bunaidh míthráthúil.

Féadfaidh údarás poiblí táille a ghearradh i gcás ina gcuireann sé faisnéis comhshaoil ar fáil, ach ní mór d'aon táille den chineál sin a bheith réasúnta ag féachaint don treoir *("reasonable having regard to the Directive".)* I gcás ina bhfuil sé i gceist ag údarás poiblí táillí a ghearradh, ní mór dó liosta de na táillí inmhuirir a chur ar fáil don phobal. Tá ceart achomhairc (inmheánach agus seachtrach) ann ar an bhforas go bhfuil méid na táille arna gearradh iomarcach.

Bonn an diúltaithe

Leagtar síos forais diúltaithe shainordaitheacha agus dhiscréideacha atá deartha, nuair is iomchuí, chun an méid seo a leanas a chosaint:

- rúndacht faisnéise pearsanta,
- leasa duine a sholáthair an fhaisnéis go deonach,
- an comhshaol lena mbaineann an fhaisnéis,
- rúndacht imeachtaí údarás poiblí,
- Pléití na Comh-Aireachta,
- caidrimh idirnáisiúnta, cosaint náisiúnta nó sábháilteacht an phobail,
- cúrsa na córa,
- cearta maoine intleachtúla agus rúndacht ó thaobh tráchtála nó tionscail de,
- ábhar atá á chur i gcrích,
- cumarsáid inmheánach na n-údarás poiblí.

Mar sin féin, i bhformhór na gcásanna, ní féidir iarratais a bhaineann le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol a dhiúltú. Tá gach iarratas faoi réir ag breithniú ar leas an phobail faoi Airteagal 10(3) de na Rialacháin. Ina theannta sin, déantar foráil in Airteagal 10(4) go ndéanfar forais diúltaithe iarratais a léirmhíniú ar bhonn srianta ag féachaint do leas an phobail.

I gcás nach gcuireann an t-údarás poiblí aon chinneadh in iúl, déantar foráil sna Rialacháin do cheart achomhairc ar bhonn diúltaithe measta.

Treoirlínte

Tá Nótaí Treorach maidir le cur chun feidhme na Rialachán foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (an Roinn). Tá na Nótaí, lena n-áirítear téacs na Rialachán agus na Treorach, ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne www.environ.ie agus ar láithreán Gréasáin m'Oifige ag www.ocei.gov.ie. Cé go n-éilítear ar údaráis phoiblí féachaint do na treoirlínte arna bhfoilsiú ag an Roinn nuair atá a gcuid feidhmeanna faoi na Rialacháin á gcomhlíonadh acu, ní airbheartaítear gur léirmhíniú dlíthiúil ar na Rialacháin atá sna treoirlínte.

Achomhairc a fuarthas in 2011

Rinneadh trí achomharc déag chuig m'Oifigse i rith 2011. Dúnadh ceithre achomharc déag i rith na bliana. Eisíodh seacht gcinneadh fhoirmiúla agus tá achoimrí ábhartha leagtha amach sa chéad chaibidil eile. Measadh gur aistarraingíodh cás amháin nuair a cuireadh na taifid ar fáil tar éis do m'Oifig idirghabháil a dhéanamh faoin scéal. Aistarraingíodh cás amháin eile freisin tar éis teagmhálacha le m'Oifig. Measadh cúig achomharc eile a bheith neamhbhailí, mar gheall go príomha nach ndearnadh iarratas ar athbhreithniú inmheánach nó ós rud é nár íocadh an táille achomhairc. Bhí ceithre chás déag idir lámha fós againn ag deireadh na bliana. Thaifead m'fhoireann 22 fiosrúchán ginearálta maidir leis na Rialacháin.

Bíodh is gur eascair formhór na n-achomharc ó iarratais chuig údaráis áitiúla agus ranna rialtais, rinneadh achomhairc in aghaidh cinntí a bhí déanta ag Banc Ceannais na hÉireann agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freisin. I measc na saincheisteanna atá fós á meas tá raon an tsainmhínithe maidir le "faisnéis comhshaoil" i gcomhthéacs iarratais ar chóip iomlán den chonradh maidir le tógáil agus feidhmiú loisceoir an Phoill Bhig.

Go ginearálta, foilsítear cinntí faoi achomhairc ar láithreán Gréasáin m'Oifige ag www.ocei.gov.ie. In dhá chás nár foilsíodh, áfach, ní raibh aon cheist eile fágtha do m'Oifig le cinneadh a dhéanamh ina leith agus eisíodh cinntí foirmiúla mar bheart riaracháin chun na cásanna a dhúnadh.

Saincheisteanna a tháinig chun cinn in 2011

An méid gníomhaíochta a bhí ann i rith 2011

Thug mé le fios roimhe seo gur beag gníomhaíocht a bhí ar siúl faoi na Rialacháin. In 2011, tháinig laghdú 43.5% ar an leibhéal achomhairc ón leibhéal ab airde, 23 iarratas a fuarthas in 2010, agus tá sé inchomparáide leis an líon achomhairc a fuarthas in 2008, nuair a bhí m'Oifig nuabhunaithe. Tháinig ceithre cinn den 13 achomharc a fuarthas in 2011 ó dhaoine a rinne achomhairc chuig m'Oifig roimhe sin. Bhí an ceathrar achomharcóirí sin freagrach as seacht gcinn de na hachomhairc in 2011.

Measaim go bhfuil leibhéal na táille a bhaineann le hiarratas a dhéanamh chuig m'Oifig (€150 de ghnáth) ag díspreagadh achomharcóirí féideartha. Ina theannta sin, in ainneoin na ndualgas ginearálta a chuirtear ar údaráis phoiblí maidir le rochtain ar fhaisnéis comhshaoil a éascú, is cosúil go bhfuil easpa feasachta ginearálta ann i measc an phobail maidir lena gcearta faoi na Rialacháin. Bíonn m'fhoireann oibre i dteagmháil i gcónaí leis an Roinn maidir le feidhmiú na Rialachán agus tá sé tugtha faoi deara go háirithe acu gur cúis imní ar leith dom an leibhéal feasachta i measc an phobail agus in údaráis phoiblí a bheith an-íseal.

Fógra faoi Alt 12(6) de na Rialacháin

Tugtar cumhachtaí áirithe dom faoi Airteagal 12(6) maidir le hachomharc a láimhseáil. Féadfaidh mé na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- éileamh ar údarás poiblí faisnéis comhshaol a chur ar fáil dom,
- scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis comhshaol atá ina sheilbh ag údarás áitiúil, agus
- dul isteach in aon áitreabh atá áitithe ag údarás áitiúil chun faisnéis comhshaol a fháil

Rinne mé an fhoráil sin a agairt uair amháin in 2011. Is éard atá i gceist i gcás CEI/10/0023, atá fós faoi bhun imscrúdaithe, ná iarratas chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (an Chomhairle) ar chóip iomlán den chonradh maidir le tógáil agus feidhmiú loisceoir an Phoill Bhig. Rinne m'Oifig dhá iarratas ar chóip iomlán den taifead atá i gceist chun críocha an athbhreithnithe, ach bhí imní ar an gComhairle maidir le comhaontú rúndachta. Ar deireadh, mheas mé go raibh gá fógra faoi Airteagal 12(6) a eisiúint sa chás. Chloígh an Chomhairle leis an bhfógra trí chóip iomlán den chonradh a chur ar fáil do m'Oifig sula ndeachaigh an spriocdháta in éag.

Deacrachtaí praiticiúla maidir le feidhmiú na Rialachán

Ón uair a bunaíodh í, bhí deacrachtaí praiticiúla i gceist do m'Oifig ag eascairt ó fheidhmiú an chórais um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol. Baineann fadhb amháin le hacmhainní. Cé go bhfuil Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil ina oifig neamhspleách ó thaobh dlí de, go dtí seo, níl aon leithdháileadh maoinithe faighte aici ón Stát, agus tá sí ag brath go hiomlán ar na hacmhainní ar féidir iad a chur ar fáil ó na hacmhainní an-teoranta atá ar fáil d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise. Rud eile a bhaineann leis an bhfadhb maidir le hacmhainní ná nach bhfuil aon fhoráil fhollasach sna Rialacháin faoina gceadaítear athbhreithnithe a shocrú nó a scor, rud a d'fhág go raibh gá le cinneadh foirmiúil i gcásanna áirithe fiú nuair nach raibh aon ábhar fágtha do m'Oifig le réiteach idir na páirtithe. Tagraítear thuas do dhá chás den chineál sin.

Is cúis imní dom freisin, mar a luaigh mé cheana, easpa oiliúna agus feasachta na bhfoirne in údaráis phoiblí. Deacracht ar leith atá i gceist ná go gcliseann ar údaráis phoiblí go rialta cloí leis na teorainneacha ama iomchuí a leagtar síos sna Rialacháin maidir le cinntí a eisiúint agus maidir le hiarratasóirí a chur ar an eolas i gceart maidir lena gcearta achomhairc. I measc na n-ábhar imní eile a bhaineann le láimhseáil iarratas maidir le Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol ó údaráis phoiblí tá:

- iomrall maidir le cé atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar iarratais in údaráis phoiblí,
- cliseadh Athbhreithneoirí Inmheánacha a ainmniú,

- cliseadh lucht déanta na gcinntí féachaint d'fhorálacha Airteagal 10 de na Rialacháin, lena n-áirítear na gnéithe maidir le leas an phobail,
- iomrall idir na forálacha díolúine agus fráma ama san Acht um Shaoráil Faisnéise agus sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol, agus
- easpa sceideal caighdeánach táillí atá infheidhme maidir le Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol agus easpa soiléireachta maidir leis na táillí is féidir le húdaráis phoiblí a ghearradh ar iarratasóirí faoi Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol.

Bhí m'Oifig i mbun cumarsáide leis an Roinn maidir leis na hábhair sin agus maidir le cúiseanna imní eile atá agam maidir le feidhmiú na Rialachán. Tugadh faoi chuid de mo chúiseanna imní sna Rialacháin leasaithe a shínigh an tAire an 19 Nollaig 2011. Mar shampla, féadfaidh mé anois a mheas go bhfuil achomharc aistarraingthe i gcás ina gcuireann an túdarás poiblí cuid den fhaisnéis iarrtha nó an fhaisnéis iarrtha go léir ar fáil sula ndéantar cinneadh foirmiúil. I gcúinsí den chineál sin, féadfaidh mé cuid den táille achomhairc nó an táille achomhairc iomlán a tharscaoileadh nó a aisíoc.

Breithiúnais na Ard-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí

Féadfaidh aon pháirtí in athbhreithniú chuig m'Oifig, nó aon duine eile ar a bhfuil tionchar ag mo chinneadh, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí ón gcinneadh. Rinneadh achomharc chuig an Ard-Chúirt i mí na Samhna 2011 maidir le mo chinntí in dhá chás den chineál céanna a bhain le raon an tsainmhínithe maidir le húdarás poiblí, CEI/10/0005 – an tUasal Gavin Sheridan agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, agus CEI/10/0007 – an tUasal Gavin Sheridan agus an Banc Angla-Éireannach. D'fhonn na costais a d'fhéadfadh a bheith i gceist a laghdú, tá na himeachtaí arna dtionscnamh ag an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (an Banc Angla-Éireannach roimhe seo) curtha ar feitheamh trí mheán comhaontaithe, ar feitheamh toradh an achomhairc ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS). Idir an dá linn, tá achomharc GNBS liostaithe lena éisteacht an 17 Bealtaine 2012, ar feadh dhá lá.

Níor tugadh aon bhreithiúnais Ard-Chúirte in 2011 maidir le cásanna a tógadh i gcoinne chinntí m'Oifige. Tá achomharc m'Oifige chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne bhreithiúnas an Bhreithimh O'Neill in *An Taoiseach v. An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil* (Cás CEI/07/2005) fós ar feitheamh.

Staitisticí

Achomhairc a fuarthas



* Buníodh an Oifig ó 1 Bealtaine 2007.

Toradh achomhraic críochnaithe



* Buníodh an Oifig ó 1 Bealtaine 2007.

Iarratasóirí do CFC



* Buníodh an Oifig ó 1 Bealtaine 2007.

CUID A DÓ

CHOIMISINÉARA UM

FAISNÉISE COMHSHAOIL

CAIBIDIL 2

Caibidil 2: Cinntí

Sa chaibidil seo, soláthraím achoimrí ar chúig chinneadh a rinneadh in 2011. Is féidir téacs iomlán na gcinntí sin a fháil ar mo láithreán Gréasáin, www.ocei.gov.ie.

Cás CEI/10/0018 – An tUasal Cian Ginty agus Iarnród Éireann – Cinneadh an 24 Meitheamh 2011

Cibé an raibh bonn cirt le cinneadh Iarnród Éireann rochtain ar fhaisnéis comhshaoil arna hiarraidh ag an iarratasóir a dhiúltú, nó nach raibh

In iarratas dár dáta 11 Meitheamh 2010, d'iarr an t-iarratasóir rochtain ar *"liosta de na teorainneacha luais reatha go léir ar líonra Iarnród Éireann, agus aon tuarascálacha a bhaineann go díreach leis na teorainneacha luais sin"*. Dhiúltaigh Iarnród Éireann don iarratas sa chinneadh bunaidh agus i gcinneadh an athbhreithnithe inmheánaigh ar an mbonn nárbh "fhaisnéis comhshaoil" a bhí san fhaisnéis a bhí á hiarraidh agus dá bhrí sin nach raibh sí faoi réir na Rialachán. Ina chinneadh de thoradh a athbhreithnithe inmheánaigh, rinne Iarnród Éireann cur síos ar an bhfaisnéis mar seo a leanas: *"[faisnéis] de chineál oibriúcháin amháin, agus de réir sainmhínithe . . . de chineál neamhbhuan"*.

Le linn an athbhreithnithe, bhí m'Oifig den tuairim go raibh luas na traenach ina "fhachtóir" a mbíonn tionchar aige ar ghnéithe an chomhshaoil nó ar chosúil go mbeadh tionchar aige orthu. Mheas m'Oifig freisin go bhféadfaí teorainneacha luais sealadacha a chur i bhfeidhm de bharr tionchair fhachtóirí comhshaoil, cé gur admhaíodh go mbeadh cás mar sin neamhghnách. I mo chinneadh, chinn mé go raibh an fhaisnéis a bhí á lorg ina faisnéis comhshaoil de réir na Rialachán. Anuas air sin, ní bhfuair mé aon bhonn chun an fhaisnéis a bhí á lorg a choinneáil siar, go háirithe toisc go bhféadfaí a rá go mbaineann faisnéis faoi luasanna traenacha le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol.

Chinn mé nach raibh bonn cirt le cinneadh Iarnród Éireann chun rochtain ar an bhfaisnéis a bhí á lorg a dhiúltú. Dá bhrí sin, chuir mé cinneadh Iarnród Éireann ar neamhní agus d'ordaigh mé go scaoilfí an fhaisnéis.

Cás CEI/10/0016 – An tUasal Pat Swords agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) – Cinneadh an 29 Iúil 2011

Cibé an raibh bonn cirt le cinneadh na Roinne rochtain ar fhaisnéis comhshaoil a bhaineann le ceadúnú urthrá a dhiúltú, nó nach raibh
In iarratas dar dáta 27 Meitheamh 2010, d'iarr an t-iarratasóir rochtain ar dhá mhír faisnéise a bhaineann le ceadúnú urthrá le haghaidh Thionscadal Dramhaíl go Fuinneamh Chathair Bhaile Átha Cliath. Dhiúltaigh an Roinn an t-iarratas an 28 Iúil 2010. D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí athbhreithniú inmheánach maidir leis an dara cuid dá iarratas bunaidh, a bhain le *"staid oifigiúil na Roinne maidir le ceadúnais agus ceadanna, amhail iarratas urthrá, a phróiseáil laistigh de fhráma ama iomchuí agus den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2001"*. Dheimhnigh an t-iarratasóir níos déanaí *"gur bhain a iarratas leis an bhfráma ama chun ceadúnas urthrá a phróiseáil"*. Rinne an t-iarratasóir achomharc chuig m'Oifig ar an 30 Lúnasa 2010 toisc gur theip ar an Roinn freagra a thabhairt ar a iarratas ar athbhreithniú inmheánach.

Ní raibh aon díospóid faoi ach go mbeadh an fhaisnéis a bhí á lorg faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar fhaisnéis comhshaoil, dá mbeadh sé ina seilbh. Le linn an athbhreithnithe áfach, d'eisigh an Roinn ráiteas chuig an iarratasóir inar míníodh an méid seo a leanas maidir leis na teorainneacha ama chun iarratas ar cheadúnas urthrá a phróiseáil: *"níl teorainneacha ama ar ghá iarratais ar cheadúnais a phróiseáil lena linn sonraithe san Acht Imeall Trágha 1933 agus dá bhrí sin ní aon taifid ar fáil ina bpléitear an tsaincheist sin"*.

Is é Airteagal 7(5) den Rialachán an fhoráil ábhartha a bhfuil feidhm léi sa chás nach bhfuil an fhaisnéis atá á hiarraidh ina sheilbh ag údarás poiblí. Ní bhfuair mé cúis ar bith a bheith amhrasach faoi dheimhnithe na Roinne nár chruthaigh sí ná nach bhfuair sí an fhaisnéis a bhí á lorg ag an iarratasóir maidir leis an bhfráma ama chun ceadúnais a phróiseáil. Sna cúinsí sin, chinn mé nach raibh an fhaisnéis a bhí á lorg ina seilbh ag an Roinn agus go raibh feidhm ag Airteagal 7(5) de na Rialacháin ina leith. Sheas mé le cinneadh na Roinne dá réir sin.

Cás CEI/11/0003 – An tUasal Pat Swords agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an Roinn) – Cinneadh an 28 Deireadh Fómhair 2011

Cibé an raibh bonn cirt le cinneadh na Roinne rochtain ar fhaisnéis comhshaoil a dhiúltú, a bhaineann le láithreas an Aire Ryan ar chlár *Prime Time* de chuid RTÉ an 14 Nollaig 2010 agus na tráchtanna a rinne sé ar fhuinneamh gaoithe, nó nach raibh

Bhain an t-iarratas sa chás seo, dar dáta 23 Nollaig 2010, le faisnéis comhshaoil maidir le tráchtanna ar fhuinneamh gaoithe a rinne Eamon Ryan, a bhí ina Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag an am, le linn dó a bheith ar chlár *Prime Time* de chuid RTÉ an 14 Nollaig 2010. D'aithin an Roinn ceithre thuarascáil agus rinne sí cóip díobh sin a sholáthar don iarratasóir. D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí athbhreithniú inmheánach ar an mbonn nach raibh sé sásta gur thacaigh an fhaisnéis a soláthraíodh leis na tráchtanna a rinne an tAire maidir le praghas an leictreachais do thomhaltóirí. Ina chinneadh de thoradh an athbhreithnithe inmheánaigh, sheas an Roinn lena cinneadh bunaidh, agus dúirt go raibh an tábhar ábhartha curtha ar fáil don iarratasóir agus nach raibh aon fhaisnéis ábhartha eile ar fáil.

Arís, ní raibh aon díospóid faoi ach go mbeadh an fhaisnéis a bhí á lorg faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar fhaisnéis comhshaoil, dá mbeadh sé ina seilbh ag an Roinn. Ní bhfuair mé cúis ar bith, áfach, a bheith amhrasach faoi dheimhnithe na Roinne go raibh sí tar éis an fhaisnéis go léir a bhí ábhartha don iarratas a aithint agus a sholáthar don iarratasóir. Cé go raibh seans nár chomhlíon an fhaisnéis a cuireadh ar fáil riachtanais an iarratasóra, mheas mé nach bhféadfaí iarraidh ar an Roinn faisnéis a chruthú chun na críche sin faoi na Rialacháin.

Chinn mé nach raibh an fhaisnéis a bhí á lorg ag an iarratasóir ina seilbh ag an Roinn agus go raibh feidhm ag Airteagal 7(5) de na Rialacháin ina leith. Sheas mé le cinneadh na Roinne dá réir sin.

Cásanna CEI/10/0005 agus CEI/10/0007 – An tUasal Gavin Sheridan agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, agus an tUasal Gavin Sheridan agus an Banc Angla-Éireannach – Cinntí an 13 Meán Fómhair 2011 agus 29 Meán Fómhair 2011, faoi seach

Cibé an bhfuil na comhlachtaí lena mbaineann ina n-údaráis phoiblí faoi chuimsiú bhrí na Rialachán

Chuir an t-iarratasóir iarratais áirithe chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus chuig an mBanc Angla-Éireannach (an Banc) ar diúltaíodh iad toisc nár mheas an comhlacht lenar bhain siad go raibh sé ina "údarás poiblí" de réir bhrí na Rialachán. Mar a tugadh faoi deara i gCaibidil 1, i gcás ina bhfuil easaontas ann maidir le comhlacht a bheith ina údarás poiblí nó gan a bheith ina údarás poiblí, tá sé de cheart ag an duine atá ag déanamh an iarratais achomharc a dhéanamh chuig m'Oifig. Dá réir sin, rinne an t-iarratasóir achomharc le m'Oifig i gcoinne chinntí GNBS agus an Bhainc faoi seach.

Tá sainmhíniú ar an téarma "údarás poiblí" in Airteagal 3(1) de na Rialacháin agus in Airteagal 2(2) den Treoir. Comhfhreagraíonn míreanna (a) go (c) d'Airteagal 3(1) don sainmhíniú sa Treoir, ach murab ionann agus an Treoir, tá an méid seo a leanas sa bhreis in Airteagal 3(1): *"agus foluíonn"* aonáin áirithe atá liostaithe i bhfomhíreanna (i) go (vii). I bhfomhír (vi) tá *"bord nó comhlacht eile (ach gan cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí a chur san áireamh) arna bhunú le reacht nó faoi reacht"*. Áirítear i bhfomhír (vii) *"cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí, ina bhfuil na scaireanna uile i seilbh- (I) Aire Rialtais nó á gcoinneáil i seilbh ar a shon"*.

Níor mheas GNBS ná an Banc gur chomhlíon siad na critéir faoi mhíreanna (a) go (c). Sa chomhthéacs sin, ba í an phríomhargóint a rinne na comhlachtaí, go bunúsach, gur gá plé le míreanna (a) go (c) mar choinníollacha cáiliúcháin chun an sainmhíniú ar údarás poiblí a chomhlíonadh, d'ainneoin úsáid an fhrása "agus foluíonn" sna Rialacháin.

Shonraigh mé gur téarma forleathnaithe é "agus foluíonn" i ndlí na hÉireann, nuair a úsáidtear i sainmhíniú reachtach é. Mar sin, i bhfianaise chásdlí na hÉireann ar an ábhar, chinn mé go bhfuil forchiall fhorleathnaithe nó fhairsing i gceist leis an ngnáthchiall (nó ciall litriúil) atá ag "foluíonn", agus dá bhrí sin ní mór an méid sin atá faoi rialú "foluíonn" a chur isteach nó a chur san áireamh. Chinn mé freisin dá dtabharfaí an chiall sin do "foluíonn" go mbeadh an sainmhíniú ar údarás poiblí iomlán simplí agus gan débhrí. Ar deireadh, chinn mé, agus na Rialacháin á gcur i bhfeidhm, gur cheart éifeacht a thabhairt

do chiall shimplí "foluíonn". Dá réir sin, chinn mé nach mór dom a thuiscint ón téarma "údarás poiblí" mar atá sainmhínithe sna Rialacháin go mbaineann sé le gach cineál aonáin atá san áireamh ar an liosta i bhfomhír (i) go (vii) gan aird a thabhairt ar na haonáin sin a bheith cuimsithe sna catagóirí i míreanna (a) go (c) freisin.

Sa bhreis air sin, níor chuir argóintí GNBS ná an Bhainc ina luí orm go mbeadh toradh in achrann leis an Treoir dá mbraithfí ar chiall shimplí an fhocail "foluíonn", mar a úsáidtear é sa sainmhíniú ar údarás poiblí sna Rialacháin. Thug mé faoi deara go bhféadfaí argóint láidir a dhéanamh go gcuireann an Treoir ar chumas Ballstát cur chuige forleitheadach a ghlacadh maidir leis an méid atá i gceist le "údarás poiblí" agus go spreagann sí a leithéid. Sa chás áirithe seo, níor ghlac mé leis gur cheart míreanna (a) go (c) den sainmhíniú ar údarás poiblí sna Rialacháin a thuiscint mar chritéir shriantacha i gcás inar léir gur roghnaigh Ballstát cur chuige forleitheadach a ghlacadh i leith an tsainmhínithe.

Chinn mé gur údarás poiblí é GNBS ar an mbonn go gcomhlíonann sí an critéar i bhfomhír (vi) den liosta aonán uimhrithe (i) go (vii) a "fholuítear" sa sainmhíniú ar údarás poiblí. Chinn mé gur údarás poiblí é an Banc ar an mbonn go gcomhlíonann sé an critéar i bhfomhír (vii)(I) den liosta aonán uimhrithe (i) go (vii) a "fholuítear" sa sainmhíniú ar údarás poiblí. Níor mheas mé gur ghá breithniú ar cibé an gcuimsítear GNBS nó an Banc freisin i gceann ar bith de na catagóirí i míreanna (a) go (c) den sainmhíniú nó nach gcuimsítear. Chuir mé cinntí GNBS agus an Bhainc faoi seach ar neamhní.

Mar a sonraíodh i gCaibidil 1, rinneadh achomharc chuig an Ard-Chúirt i gcoinne mo chinntí.

AGUISÍNÍ

Aguisín I

Deimhnithe eisithe faoi alt 20 agus alt 25 den Acht um Shaoráil Faisnéise

An Roinn Cosanta
Department of Defence

Office of the Information Commissioner
14 JAN 2012
Received

12 January 2012

Mr Pat Whelan,
Director General,
Office of the Information Commissioner,
18 Lower Leeson Street,
Dublin 2

Freedom of Information Acts 1997 and 2003 ("the FOI Act")
Notification under Section 20 and Section 25

Dear Mr Whelan,

In response to your recent correspondence in relation to Section 20 and Section 25 certificates I would like to confirm that the Department of Defence have **not** issued any such certificates in 2011.

I would also like to confirm that the Section 20 Secretary General Certificate issued by the Department of Defence on 4 March 2009 was reviewed in March 2011 and the decision of the Secretary General will remain in place for a further two years up to 4 March 2013.

Yours sincerely,

Cliona O'Sullivan

Cliona O'Sullivan,
Freedom of Information Office,
Department of Defence.

Cuirfear fáilte roimh chomhfreagras i na Gaeilge.

Bóthar an Staisiúin, An Droichead Nua, Contae Chill Dara
Station Road, Newbridge, Co. Kildare

Teileafón / Telephone: (045) 492000 Glao Áitiúil / LoCall: 1890 25 1890 R-Phost / E-mail: customer@defence.ie Láithreán Gréasáin / Web:www.defence.ie

OIFIG AN ARD-RÚNAÍ, AN ROINN DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ
OFFICE OF THE SECRETARY GENERAL, DEPARTMENT OF JUSTICE, EQUALITY AND LAW REFORM

Mr Pat Whelan
Director General
Office of the Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

Notification under Section 20 and Section 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003

Office of The Information Commissioner
RECEIVED
12 MAR 2012

Dear Mr Whelan

I refer to your letter dated 6 January 2012 in relation to certificates issued by Secretaries General and Ministers under Sections 20 and 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003.

Please note that a certificate under Section 20 was issued by my predecessor on 11 August, 2006 in relation to Risk Registers. This Department has a total of six Section 25 Ministerial Certificates. Three certificates were renewed by the Minister last year. Please find enclosed a copy of all three certificates as referred to above.

Yours sincerely,

Brian Purcell
Secretary General

13 January 2012

94 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 / 94 St. Stephen's Green, Dublin 2
Teileafón/Telephone: (01) 602 8316 Facsuimhir/Fax: (01) 661 6612 Ríomhphost/E-Mail: info@justice.ie

AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA
DEPARTMENT OF FOREIGN AFFAIRS
BAILE ÁTHA CLIATH 2
DUBLIN 2

ACKNOWLEDGED
18 JAN 2012
Office of the Ombudsman

12 January 2012

Mr Pat Whelan

Director General

Office of the Information Commissioner

18 Lower Leeson Street

Dublin 2

Ombudsman and Information Commissioner
18 JAN 2012
Received

Notification under Sections 20 and 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003

Dear Mr Whelan

I refer to your recent letter on the above subject.

I confirm that, during 2011, I did not issue any certificates under Section 20 of the Freedom of Information Acts.

On 21 July 2011, the Tánaiste and Minister for Foreign Affairs and Trade issued three certificates under Section 25 of the Freedom of Information Acts, by reference to which the records requested are exempt under Section 23 and 24.

Please find enclosed copies of the certificates issued in 2011.

Yours sincerely

David Cooney

David Cooney

Secretary General

Aguisín 11

Athbhreithniú faoi alt 25(7) ar Dheimnithe Aireachta arna n-eisiúint

Ombudsman and Information Commissioner
07 MAR 2012
Received

Roinn an Taoisigh
Department of the Taoiseach

ACKNOWLEDGED
07 MAR 2012
Office of the Ombudsman

6th March 2012

Ms. Emily O'Reilly
Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

Review of Certificates issued under Section 25 of the Freedom of Information Act 1997
(as amended by Section 20 of the Freedom of Information Act 2003)

Dear Commissioner,

I would like to inform you that pursuant to the above Acts, the Taoiseach, the Minister for Public Expenditure and Reform and the Minister for Jobs, Enterprise and Innovation carried out a review of the operation of the Act, for the period ended 31 October 2011 on the 24 January 2012.

Of the twelve certificates reviewed, two were issued by the Minister for Justice, Equality and Law Reform on 19 February 2010 and 13 March 2010; one by the Minister for Justice and Law Reform on 11 November 2010; and three by the Minister for Justice and Equality on 10 June 2011, 22 June 2011 and 25 June 2011. Of the remaining six certificates, three were issued by the Minister for Foreign Affairs on 18 November 2010; and three by the Minister for Foreign Affairs and Trade on 21 July 2011.

Having completed the review, the Taoiseach, the Minister for Public Expenditure and Reform and the Minister for Jobs, Enterprise and Innovation are satisfied that it is not necessary to request revocation of any of the twelve certificates which were the subject of the review – copies of the forms signed by the reviewers to that effect are attached.

Yours sincerely,

Mary Murphy
Freedom of Information Liaison Officer

Tithe an Rialtais, Baile Átha Cliath 2.
Government Buildings, Dublin 2.

Aguisín III

Tuarascáil Bhliantúil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

Tháinig laghdú 10.8% ar an úsáid fuinnimh i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2010, agus tháinig laghdú 7.5% ar astaíochtaí CO2 dá réir sin. Bhí cruinnithe rialta idir foireann na hOifige agus sainchomhairleoir fuinnimh Oifig na nOibreacha Poiblí in 2011. Sna cruinnithe sin, forbraíodh feasacht ar na hiarrachtaí atá de dhíth chun leanúint leis an laghdú ar ídiú fuinnimh na hOifige. Tá cruinnithe eile beartaithe le haghaidh 2012 agus cuirfear tús le tionscnaimh bhreise le cinntiú go mbainfear amach an sprioc fhoriomlán chun laghdú 20% a dhéanamh ar úsáid fuinnimh. Bhí an sainchomhairleoir an-dearfach maidir lenár n-iarrachtaí ar an iomlán.

Léirítear an laghdú ar úsáid fuinnimh sna cairteacha thíos ar a dtugtar comparáid idir Nollaig 2010 agus Nollaig 2011 mar aon le comparáid don bhliain iomlán idir 2010 agus 2011. Léirítear laghduithe fabhracha ar úsáid fuinnimh sna cairteacha de bharr cur chuige níos fearr i leith úsáid fuinnimh ar fud na hOifige. Is é seo a leanas an méid fuinnimh a úsáideadh in 2011:

Leictreachas: 267,081 KWh
Gás: 140,100 KWh

Tuarascáil Mhíosúil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

Oifig an Ombudsman

Nollaig 2011

Achoimre

Ó Mhí go Mí

Tháinig laghdú 18.3% ar an úsáid fuinnimh ó 58,955 kWh i Nollaig 2010 go 48,174 kWh i Nollaig 2011. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú 9.9% ar na hastaíochtaí CO2 le haghaidh na tréimhse sin, ó 20.155 kg go 18,168 kg (-1987 kg).

Bliantúil

Is é 407,181 kWh an t ídiú fuinnimh go dtí seo in 2011, agus tá laghdú 10.8% tagtha air i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh (456,634 kWh). Is ionann é seo agus difríocht -49.453 kWh idir an dá thréimhse. I dtéarmaí an lín iomláin CO2, tháinig laghdú 7.5% ar an táirgeadh. Dá bhrí sin, is iad na figiúirí inchomparáide ó bhliain go bliain ná 203,439 kg i gcás 2010 agus 188,266 kg i gcás 2010, nó difríocht de -15,173 kg.

Úsáid Fuinnimh





Energy Services Department 17/01/2012 P1 Vector Facilities Management

Cairt Eagraíochta

Imscrúdaitheóir Sinsearach

Stephen Rafferty

Imscrúdaitheóirí

Melanie Campbell
Anne Garland
Maurice Kiely
Brenda Lynch
Brian Murnane
Alison McCulloch
Marie O'Brien
Anne O'Reilly
Colin Stokes

Aonad tacaíochta

Edmund McDaid
Anne Harwood
Bernie Kelly
Robert Cullen-Jones
Denise Freeman